An Clár Réitithe Infreastruchtúir Sheirbhísí Uisce Soláthraithe ag Forbróir Ilbhliantúil 2019-2021.

Tuarascáil Uimh. 1 an Phainéil Saineolaithe - Measúnú ar thairiscintí faighte faoi réir an chláir ilbhliantúla

Rúnaíocht an Phainéil Saineolaithe:

An tAonad Uisce Tuaithe - Clár DPI

An Roinn Tithíochta, Pleanála agus Rialtais Áitiúil

Tithe an Rialtais, Béal an Átha, Co. Mhaigh Eo

LoCall: 1890 20 20 21

Bileog Rialaithe Cáipéise	
Clár:	An Clár Réitithe Infreastruchtúir Sheirbhísí Uisce Soláthraithe ag Forbróir Ilbhliantúil 2019-2021.
Teideal na Cáipéise:	Tuarascáil Uimh. 1 ar an bPainéal Saineolaithe - Measúnú ar thairiscintí faighte faoi réir an chláir ilbhliantúla
Tionscnóir:	An tAonad Uisce Tuaithe - Clár DPI (Rúnaíocht an Phainéil Saineolaithe)
Comhdhéanann an Cháipéis:	Tuarascáil le Táblaí, Figiúirí, Léarscáileanna agus Aguisíní leabaithe ann
Leagan agus Dáta:	Leagan 01, 08-07-2020

Ballraíocht an Phainéil Saineolaithe

Is mar a leanas ballraíocht an Phainéil Saineolaithe:

- Mr Tom Barry - Cathaoirleach, leas-CEO Carlow Co Co, [Príomh-bhall an Phainéil],
- Mr Jim Ganley, leas-Phríomoifigeach na Roinne Tithíochta, DHPLG [Príomh-bhall an Phainéil].
- Mr Noel Byrne, Iniúchóir Sinsearach, An Gníomhaireacht um Chosaint an Chomhshaoil, [Príomh-bhall an Phainéil],
- Mr Brian Quinn, Bainisteoir Forbartha - Naisc agus Seirbhísí Forbróra, Uisce Éireann, [Príomh-bhall an Phainéil],
- Mr Luke Varley, Príomhaí Cúnta an Aonaid Uisce Tuaithe, DHPLG [Tacaíocht faisnéise don Phainéal], agus
- Ms Kara McNulty, Ardoifigeach Feidhmiúcháin, An tAonad Uisce Tuaithe, DHPLG, [Rúnaí don Phainéal].

Braitheann gach cinnteoireacht an phainéil ar phríomh-bhaill an phainéil. Soláthraíonn baill na Roinne Pleanála Tithíochta agus Rialtais Áitiúil (DHPLG) tacaíocht fhaisnéise agus ról rúnaíochta.

Tugann an Cathaoirleach saineolas leathan don Phainéal ó bhainistíocht san earnáil údaráis áitiúil.

Tugann an ball, ón DHPLG roimhe seo, saineolas leathan ar bhainistíocht in earnálacha sheirbhísí uisce tuaithe agus foráil tithíochta.

Tugann ball ó Uisce Éireann saineolas óna phost mar fhóntas uisce náisiúnta na hÉireann le freagracht as seirbhísí uisce agus fuíolluisce a sholáthar agus a fhorbairt ar fud na hÉireann.

Tugann an ball ón EPA saineolas óna réimse leathan feidhmeanna san earnáil uisce agus comhshaoil agus go háirithe maidir le rialú cáilíochta uisce.

Tugann ionadaithe na Roinne sa Phainéal treoraíocht, comhairle agus na páipéir riachtanacha don Phainéal.

Is ábhar do phríomh-bhaill an Phainéil í an chinnteoireacht dheiridh ar thionscnaimh a roghnú i gcomhair maoinithe.

Ábhair

Ábhair

Cúlra Ginearálta 4

Cúlra DPI 6

DPI sa chor chun feabhais eacnamaíoch ag deireadh na 1990idí go lár na 2000idí 6

DPI sa chor chun donais eacnamaíoch tar éis 2008 7

Cineálacha eastáit DPI 7

Eastáit DPI fuíolluisce – An Tionscnaíocht Cheannais Náisiúnta 8

Eastáit DPI uisce óil 14

Líon reatha measta na n-eastát DPI fuíolluisce agus uisce óil 16

Tús an chláir ilbhliantúla 23

Fadhbanna DPI a chosc sa todhchaí 28

Ról an Phainéil Saineolaithe 29

Cur chuige an Phainéil Saineolaithe chun tairiscintí áitiúla a mheasúnú 30

Conclúid agus Moltaí 33

Tairiscintí molta chun faomhaidh 33

Tairiscintí molta chun breathnóireachta – a thuilleadh faisnéise ag teastáil 35

Tairiscintí nach bhfuil molta chun maoinithe 36

Acmhainneacht do thairiscintí eile faoi réir an chláir ilbhliantúla reatha 38

Maoiniú ar thairiscintí – Chomh-mhaoiniú 38

Gluais na dTéarmaí

Téarma	Sainmhíniú
Urra	Ciallaíonn urra gealltanas chun íocadh le páirtí méid áirithe mura gcomhlíonann dara pháirtí a oibleagáid. Sa phleanáil, cuirtear urra ar fáil chun a chinntiú go mbeidh ***infreastruchtúr riachtanach de nádúr roinnte nó poiblí*** críochnaithe ar bhealach sásúil, go háirithe infreastruchtúr ar féidir leis a bheith gabháilte i gceannas ag an údarás áitiúil agus coinneáilte sa todhchaí ag an údarás sin.
Tionscnaimh Taispeána	An chéad tréimhse, méid beag, tionscnaimh infheistíochta faoi réir an chláir ilbhliantúla i gcomhair eastáit DPI fuíolluisce Chatagóir 3. Féach cáipéis Chreatlaigh i gcomhair a thuilleadh mionsonraí.
An Roinn	An Roinn Tithíochta, Pleanála agus Rialtais Áitiúil, nó an Roinn mar a ainmnítear roimhe seo.
Infreastruchtúr Sheirbhísí Uisce Soláthraithe ag Forbróirí (DPI)	Catagóir áirithe eastáit tithíochta freastalaithe ag infreastruchtúr sheirbhísí uisce neamhspleách seirbhísí uisce, soláthraithe ag forbróir an eastáit - dá bhrí sin, glaoitear Infreastruchtúr Sheirbhísí Uisce Soláthraithe ag Forbróir nó mar ghiorrúchan DPI air - nach bhfuil ceangailte leis an ngréasán seirbhísí uisce poiblí (Uisce Éireann). Féach an cháipéis chreatlaigh i gcomhair sainmhínithe níos cuimsithí, cur síos agus míniúchán ar DPI.
Forbairt	Dhá theach nó níos mó agus áirítear leis foráil bóithre nua, spáis oscailte, carrchlóis, séaraigh, príomhphíobáin uisce nó draenacha.
Cáipéis chreatlaigh	Tugann an - *Creatlaigh le haghaidh Clár Réitithe Infreastruchtúir Sheirbhísí Uisce Soláthraithe ag Forbróir Ilbhliantúil 2019-2021* - treoraíocht d'údaráis áitiúla maidir le scóip agus béim an chláir ilbhliantúla nua. Bhí sé eisithe leis an gciorclán ar thairiscintí.
Plean Infheistíochta Caipitil Uisce Éireann	Na tionscnaimh caipitil agus cláir ar mian le Uisce Éireann a thógáil orthu agus a sheachadadh le linn tréimhse an phlean. Áirítear leis an bplean buiséidí agus amchláir molta mar aon le aschuir agus torthaí a mbeidh seachadta don infheistíocht. Tá an plean reatha i gcomhair 2020-2024.
Meabhrán Tuisceana (MoU)	Comhaontú idir Uisce Éireann agus gach údarás áitiúil aonair ar an bpróiseas agus socraíochtaí oibre chun ceannas a fháil ar na eastáit tithíochta ceangailte leis an ngréasán uisce agus fuíolluisce faoi úinéireacht nó riail Uisce Éireann (gan DPI a chur san áireamh mura féidir iad a cheangal leis an ngréasán poiblí (Uisce Éireann)).

Gluais na dTéarmaí

Téarma	Sainmhíniú
Measúnú ar Riachtanais	Próiseas tréimhsiúil déanta ag údaráis áitiúla, a raibh tionscnaimh/scéimeanna roghnaithe go hoibiachtúil ina dhiaidh i gcomhair ionchuimsithe i ngach aidhmeanna fianaise agus ardleibhéil bunaithe ar an gClár Infheistíochta ar Sheirbhísí Uisce.
Ceannas	An téarma a thugtar ar fhoshuíomh ag údarás áitiúil maidir le freagracht as coinneáil agus cothabháil seirbhísí poiblí agus infreastruchtúir lonnaithe laistigh limistéir comónta agus poiblí in eastát tithíochta. Beidh Uisce Éireann freagrach as oibriúchán agus cothabháil infreastruchtúir sheirbhís uisce (seachas i gcás eastáit DPI nach gcuirtear san áireamh leis an MoU) ó dháta ceannais an eastáit ag an Údarás Pleanála.
Feidhmeanna Fhorchoimeádta	Déantar cinnteoireacht ar pholasaí ag mór-rúin faofa ag na comhairleoirí tofa le linn cruinnithe an chomhairle. Tá siad sin forchoimeádta don chomhairle tofa agus glaoitear 'feidhmeanna fhorchoimeádta' orthu. Áirítear le samplaí d'fheidhmeanna fhorchoimeádta faomhadh do bhuiséad bliantúil, polasaithe tithíochta, ceannas ar aon bhóthar ag údarás áitiúil.
An Clár Infheistíochta ar Sheirbhísí Uisce	An clár infheistíochta státchiste chun scéimeanna móra uisce agus fuíolluisce a sholáthar chun aidhmeanna comhshaoil agus eacnamaíoch tábhachtacha a chomhlíonadh. D'oibrigh sé suas go dtí deireadh 2013, agus i ndiaidh sin ghlac Uisce Éireann freagracht as seachadadh seirbhísí uisce poiblí.

Cúlra Ginearálta

Is féidir go mbeidh forbairtí tithíochta ("eastáit") comhdhéanta le dhá nó níos mó áitreabh a fuair cead faoi réir coda 34 an Achta Pleanála agus Forbartha, 2000[1], de réir leasaithe ("An tAcht"), incháilithe - ag brath ar imthosca agus/nó coinníollacha bronnta ceada pleanála - le haghaidh ceannais.

Tá forálacha ar an gceannas ar eastáit tithíochta ag údaráis pleanála/áitiúla, amhail Comhairlí Cathrach agus Contae, faoi réir coda 180 an Achta ("Cuid 180"), agus cuirtear tús le nósanna imeachta chuige sin faoi réir coda 11 an Achta Bóithre 1993[2]. Is feidhm é an ceannas ar eastáit forchoimeádta do bhaill tofa an údarais.

Faoi réir fochoda 1 le Cuid 180, tá oibleagáid ag an údarás pleanála tús a chur le nósanna imeachta ceannais nuair is riachtanach ag an forbróir nó an eastáit féin nó ag an gcuid is mó úinéirí na n-áitreabh san eastát. Ní mór don údarás tús a chur leis an bpróiseas roimh sé mhí i ndiaidh iarratas a fháil chuige sin. D'ainneoin sin, bíonn sé sin faoi réir forbartha le críochnú chun sásaimh an údaráis agus i gcomhréir leis na ceadanna pleanála agus aon choinníollacha ceangailte.

Níl a gcuid gréasáin seirbhísí uisce - fuíolluisce agus/nó uisce óil - ag fochuid de na eastáit, nach raibh glactha i gceannas, nasctha leis an ngréasán poiblí (Uisce Éireann). In ionad sin, braitheann na eastáit sin ar 'infreastruchtúr sheirbhísí uisce soláthraithe ag forbróirí' i gcomhair a gcuid seirbhísí uisce. De ghnáth glaoitear DPI ar an infreastruchtúr sin, soláthraithe ag forbróir an eastáit.

Cuireadh clár nua maoinithe ilbhliantúil ar fáil in 2019 chun réiteach forchéimnithe a éascú ar bhealach inbhuanaithe ar eilimint DPI seirbhísí uisce in eastáit chun tacú le ceannasaíocht an eastáit.

Tá béim ag an gclár ilbhliantúil nua ar ghné DPI le fochuid beag na n-eastát a bhraitheann ar an gcineál seo infreastruchtúir seirbhísí uisce chun seirbhísí uisce a sholáthar. Fanann maoiniú a bhaineann le ceannas ar eastáit neamh-DPI go hiomlán ina ábhar d'údaráis áitiúla.

Comhdhéanann infreastruchtúr DPI go háirithe áiseanna cóireála fuíolluisce ach comhdhéanann méid beag dóibh seirbhísí uisce óil don eastát. Is áiseanna faoi úinéireacht phríobháideach iad.

Bhí an chuid is mó na n-eastát DPI tógtha i lár na 1990aidí go dtí lár na 2000idí. Tá ceist leagáide ann ón dá fheidhm, cor chun feabhais agus cor chun donais, le geilleagar na

[1] Féach ag an nasc seo: http://www.irishstatutebook.ie/eli/2000/act/30/enacted/en/html
[2] Féach ag an nasc seo: http://www.irishstatutebook.ie/eli/1993/act/14/enacted/en/html

hÉireann le linn an trí deich mbliana seo caite. Faoi lár na 2010idí, bhí riaráiste suntasach eastáit ag feitheamh ar cheannas.

In 2016 rinne an Roinn Pleanála Tithíochta agus Rialtais Áitiúil ("An Roinn") iarracht riaráiste i bpróiseas ceannais ar eastáit tithíochta a spreagadh trí thionscnaíocht a nglaoitear an Tionscnaíocht Ceannais Náisiúnta (NTICI).

I ndiaidh próisis NTICI, d'fhoilsigh an Roinn tuarascáil i Nollaig 2018 - ***an Tuarascáil Náisiúnta ar an dTionscnaíocht Ceannais***[3] - le torthaí agus moltaí ón bpróiseas spreagtha. Áirítear leis an tuarascáil NTICI moladh chun clár maoinithe ilbhliantúil a chur ar fáil chun réiteach forchéimnitheach a thabhairt do na eastáit DPI ar bhealach inbhuanaithe.

I mí Iúil 2019, d'fhógair an tAire Pleanála Tithíochta agus Rialtais Áitiúil tús le clár infheistíochta nua[4] - ***An Clár Réitithe Infreastruchtúir Sheirbhísí Uisce Soláthraithe ag Forbróir Ilbhliantúil 2019-2021.***

Is cuspóir leis an gclár ilbhliantúil réiteach na n-eastát DPI a éascú ar bhealach forchéimnitheach, inbhuanaithe, chun tacú le ceannas ar na eastáit sin.

Ba é an Litir Chiorcláin L1(DPI)01-2019[5] - ***Infreastruchtúir Eastáit Tithíochta le Seirbhísí Uisce Soláthraithe ag Forbróir - Tairiscintí Maoinithe don Chlár Réitithe Infreastruchtúir Sheirbhísí Uisce Soláthraithe ag Forbróirí Ilbhliantúil 2019-2021*** **-** eisithe ag an Roinn in éineacht le fógra, a spreag dul chun cinn ar an bpróiseas tairisceana don chlár ilbhliantúil.

Áirítear leis an gciorclán sin cáipéis chreatlaigh a thug faisnéis chuimsitheach ar scóip agus béim an chláir maoinithe ilbhliantúla nua. Thug sé freisin treoraíocht mhionsonraithe d'údaráis áitiúla maidir le críochnú tairiscintí do thionscnaimh faoi réir an chéad chláir ilbhliantúla.

Tugadh teimpléad do thairiscintí ag corprú a thuilleadh treoraíochta mhionsonraithe mar chuid de chiorclán na dtairiscintí chun go mbeadh sé níos éasca d'údaráis áitiúla tairiscintí a chríochnú ar bhealach caighdeánach.

Reachtáil an Roinn, in éineacht le Uisce Éireann, ceardlann/cur i láthair i mí Lúnasa 2019 chun a thuilleadh faisnéise a thabhairt d'údaráis áitiúla maidir le scóip an chláir ilbhliantúla nua agus iad a threorú ar an bpróiseas tairisceana dó sin.

Tuairiscíonn an cháipéis sin ar mheasúnú na dtairiscintí faighte faoi réir an chláir ilbhliantúla nua agus tugann sé moltaí do thionscnaimh ar mhaithe le maoiniú. Breathnaíonn an

[3] Féach ag an nasc seo: https://www.housing.gov.ie/planning/other/taking-charge-housing-estates/national-taking-charge-initiative-report-2018
[4] Féach ag an nasc seo: https://www.housing.gov.ie/housing/water-services/minister-murphy-announces-commencement-multi-annual-developer-provided-water
[5] Féach ag an nasc seo: https://www.housing.gov.ie/water/water-services/circular-l1dpi01-2019-residential-estates-developer-provided-water-services

tuarascáil sin freisin agus déanann sé moltaí eile chun a thuilleadh spreagadh a thabhairt do réiteach inbhuanaithe forchéimnitheach ar na eastáit DPI.

Cúlra DPI

Faigheann an chuid is mó eastáit tithíochta in Éirinn a seirbhísí uisce ón gcóras poiblí (Uisce Éireann).

Is fochuid beag é an fochuid DPI ar líon ginearálta na n-eastát nach bhfuil glactha i gceannas - a eascraíonn ón bpróiseas NTICI agus meastar go gcomhdhéanann siad níos lú ná 15% na n-eastát nach bhfuil glactha i gceannas.

Is feidhm leagáide seirbhísí uisce atá i gceist leis an gcuid is mó DPI ó na 1990idí, cé gur tógadh cuid d'eastáit DPI sna 1980idí.

DPI sa chor chun feabhais eacnamaíoch ag deireadh na 1990idí go lár na 2000idí

Le linn borrtha nó blianta an "Tiogair Ceiltigh" inar tharla fás gasta leanúnach den chéad uair riamh sa gheilleagar ó dheireadh na 1990idí go lár na 2000idí, chuir sé sin strus mór ar an infreastruchtúr sheirbhísí uisce ag an am. I gcásanna áirithe, chuir na easnaimh infreastruchtúrtha sin srian ar arduithe i soláthar tithíochta, a bhí ag teastáil chun cloí leis an éileamh. Fachtóir ab ea na easnaimh freisin i bhfás praghais na dtithe le linn an tréimhse sin.

Bhí inacmhainneacht na dtithe agus easnaimh ar infreastruchtúr sheirbhísí poiblí sa tréimhse sin, de réir cosúlachta, ag cur droch-thionchair ar fheidhmíocht an gheilleagair agus comhtháthú sóisialta.

Tugadh cead don chuid is mó eastáit DPI agus tógadh iad le linn blianta an Thiogair Cheiltigh ag úsáid Ghléasra Cóireála Fuíolluisce sealadaigh (WwTP). Tugadh cead do líon beag na n-eastát DPI agus tógadh iad sna blianta sin ag úsáid Ghléasra Cóireála Uisce (WTP) nó WwTP agus WTP araon.

Lean na húdaráis áitiúla an cur chuige sin chun forbairt a cheadú do thithíocht sna eastáit sin. Rinne na údaráis amhlaidh, ag súil go mbeadh an t-infreastruchtúr sealadach sheirbhísí uisce neamhspleách díchoimisiúnaithe nuair a thiocfadh infreastruchtúr buan sheirbhísí uisce suas leis chun freastal do cheantair tuaithe ina raibh na eastáit sin.

Bhí seachadadh infreastruchtúr buan sheirbhísí uisce, de réir beartaithe ag an údarás áitiúil, ar brath ar a ionchuimsiú sa deireadh, bunaithe ar phróiseas Measúnaithe ar Riachtanais, sa Chlár Infheistíochta Sheirbhísí Uisce (WSIP) agus a mhaoiniú is tógáil ina dhiaidh.

I gcásanna áirithe, níor ghlacadh leis an infreastruchtúr bheartaithe mar riachtanas tosaíochta le haghaidh ionchuimsithe sa WSIP le haghaidh maoinithe. Mar thoradh leis sin, ní raibh na scéimeanna/tionscnaimh riamh mar chuid den WSIP agus i gcásanna áirithe, níor cuireadh tús lena dtógáil riamh.

Forbraíodh cuid de na eastáit DPI i gceantair tuaithe, áit nach raibh sé ar intinn nó in acmhainn dóibh infreastruchtúr poiblí fuíolluisce a shíneadh nó a fhorbairt chun freastal do na suíomhanna sin. Níl aon intinn go fóill chun infreastruchrúr poiblí fuíolluisce a shíneadh nó a fhorbairt chun freastal don chuid is mó suíomhanna dá leithéid.

Ní raibh aon intinn ann chun cuid de na eastáit freastalaithe ag infreastruchtúr sheirbhísí uisce neamhspleách i gceantair tuaithe (bunaithe ar choinníollacha pleanála) chun a bheith glactha i gceannas. Sa chomhthéacs sin, níor glacadh lena WwTP agus WTP mar shealadach riamh agus ní raibh sé beartaithe iad a aistriú chuig an Údarás Pleanála. Ní eastáit DPI iad chun cuspóirí an chlair ilbhliantúla.

Ó thaobh eastáit eile a bhfuil seirbhísí uisce príobháideacha acu, forbartha ar dtús mar thithe saoire, tháinig athrú úsáide orthu agus is áiteanna cónaithe buan an chuid is mó dóibh anois. Dá réir, is féidir glacadh leo anois, faoi réir téarmaí an chláir ilbhliantúla, mar eastáit DPI.

DPI sa chor chun donais eacnamaíoch i ndiaidh 2008

Le linn cor chun donais 2008 sa gheilleagar, theip ar ghnónna go leor forbróirí agus bhí laghdú mór i maoiniú poiblí don infreastruchtúr. Sa tréimhse sin, bhí laghdú in acmhainí (airgeadais agus daonna) ar fáil d'údaráis áitiúla chun go mbeadh siad in ann a ról a chomhlíonadh agus a gcumhachta a úsáid faoi réir rialacháin pleanála agus comhshaoil.

Is tábhachtach a lua, cé i gcásanna áirithe - lena n-áirítear nuair a theip ar an bhforbróir - gur breathnaíodh ar an ndeontas ábhartha choinníollacha pleanála do na forbairtí sin chun a fháil amach an raibh aon intinn ann chun ceannas a fháil orthu nó an mbeadh tríú páirtí freagrach astu fós, i gcomhair a n-oibriúchán agus cothabháil leanúnaigh.

Tháinig DPI, amhail WwTP fuíolluisce go háirithe go sealadach, nó beidh siad go luath, ag dul thar tréimhse a saolré úsáidigh agus mar thoradh air sin beidh réitigh fadtréimhseacha inbhuanaithe ailtéarnacha ag teastáil ann amhail ceangail na n-eastát leis an ngréasán poiblí, nó mura bhfuil sin indéanta - ar chúiseanna teicniúla nó eacnamaíocha - a bheith athchurtha. Níl cuid mhaith DPI fuíolluisce sealadach ag obair in aon chor nó níl sé ag obair mar is cuí agus ní choinneáiltear é go maith, rud a chothaíonn rioscaí don chomhshaol agus sláinte poiblí araon.

Cé gur réitíodh an cor chun donais in Éirinn i ndiaidh sin ó thaobh forbartha de, le tréimhse beag blianta anuas - fiú ag ceadú dúshláin le déanaí - agus cé go bhfuil eacnamaíocht inbhuanaithe rathúil ann anois, fanann cuid mhaith de na eastáit DPI gan réiteach.

Cineálacha eastáit DPI

Bunaithe ar a gcuid feidhme - foráil cóireála fuíolluisce nó uisce óil - bíonn eastáit DPI i dtrí chineál. Is iad seo an trí chineál:

- ***Eastáit DPI fuíolluisce amháin:*** déanann siad suas an chuid is mó eastáit DPI***,***
- ***Eastáit DPI fuíolluisce agus uisce óil araon:*** tá líon beag den chineál seo eastáit DPI ann, agus
- ***Eastáit DPI uisce óil amháin:*** tá líon beag den chineál seo eastáit DPI ann.

Cé gur mhionlach beag é líon na n-eastát DPI uisce óil, i gcomparáid le líon iomlán na n-eastáit DPI, is tábhachtach go dtugtar réiteach dóibh chomh luath agus is féidir, óir mura bhfuil siad ag oibriú i gceart nó á gcoinneáil go dona, is féidir leis sin rioscaí don sláinte poiblí a chothú do thomhaltóirí uisce i dtithe sna eastáit sin.

Eastáit DPI fuíolluisce - an Tionscnaíocht Náisiúnta um Cheannas

Ag deireadh 2015, d'eisigh an Roinn iarratas d'údaráis áitiúla chun mionsonraí a sholáthar maidir le eastáit tithíochta nach raibh glactha i gceannas - uaireanta tagraítear dóibh mar eastáit leagáide - chun liosta náisiúnta a dhéanamh.

Thug sonraí an tsuirbhé faisnéis don Roinn maidir le líon suntasach na n-eastát nach bhfuil glactha i gceannas agus ag aithint dúshláin dlíthiúla, airgeadais agus oibriúcháin a bhaineann le glacadh i gceannas do na údaráis áitiúla. Áirítear leis na sonraí faighte sa suirbhé líon na n-áitreabh, suíomh, srl agus an raibh an t-eastát ag brath ar DPI chun a seirbhísí uisce a sholáthar.

Rinne go leor cónaitheoirí eastáit nach bhfuil glactha i gceannas tiomantas airgeadais suntasach chun a dtithe a cheannach. Cuireann sé sin leis an tábhacht a bhaineann le cinntiú go gcríochnaítear eilimintí poiblí amhail foráil bóithre, spáis oscailte, carrchlóis, agus naisc seirbhíse ar chaighdeán sásúil agus go gcoinneáiltear iad ina dhiaidh ag an údarás cuí. Ag aithint sin, sheol an Roinn in Aibreán 2016 NTICI.

Ba chuspóir leis an NTICI cur chuige agus modhanna oibre nua a thriail agus luas a chur leis an ngníomh náisiúnta agus áitiúil ginearálta ar an bpróiseas chun na eastáit a ghlacadh i gceannas. Áirítear leis an tionscnaíocht fochuid eastáit a bhraitheann ar DPI chun a seirbhísí uisce a sholáthar.

Ós rud é go bhfuil an chuid is mó DPI chun forála seirbhísí fuíolluisce, le líon beag eastáit amháin ag brath ar sheirbhísí uisce óil DPI, chuir NTICI béim ar an gcéad cheann, agus níor chuir sé an cheann eile san áireamh go mór.

Faoi réir téarmaí NTICI, tacaithe ag maoiniú €10 milliún, bhí forbairtí faoi réir iarratais ceannais bailí incháilithe le haghaidh ionchuimsithe sa ghlao ar thairiscintí maoinithe bainteach leis. Ar deireadh, íocadh €7.5 milliún den mhaoiniú leithdháilte d'údaráis áitiúla le

haghaidh 339 forbairt, le timpeall 14,930 teach iontu. Astu sin, bhí 31 ina n-eastáit DPI le timpeall 1,254 teach.

Bhí díreach os cionn €3.4 milliún maoinithe breise faighte go háitiúil go háirithe ag glao ar Bhannaí/urraí. Léiríonn sin go suntasach gur fuarthas díreach os cionn 31% den mhaoiniú úsáidte chun na eastáit a réitiú go háitiúil.

Faoin NTICI, tugadh machnamh tosaíochta do na tionscnaimh a léirigh ardleibhéal fabhtcheartaithe comhoibríochta agus úsáid maoinithe cúnta ón bhforbróir, soláthraí banna, faighteoir nó foinsí eile i gcomhair maoinithe.

Mar chéim deiridh, lorg an Roinn sonraí suirbhé nuashonraithe ó údaráis áitiúla i Lúnasa 2018. Bhí sin chun cuspóirí monatóireachta leanúnaigh ar dhul chun cinn náisiúnta le ceannas agus críochnú tuarascála ar an NTICI.

Foilsíodh tuarascáil - an ***Tuarascáil Tionscnaíochta ceannais Náisiúnta*** **-** le torthaí agus moltaí ó na próisis ag an Roinn i Nollaig 2018.

Fuair an próiseas NTICI réimse laigeachtaí bainteach le WwTPs DPI. Ní raibh go leor DPIs sannta agus tógtha mar is cuí nó níor úsáid siad teicneolaíochtaí cóireála inbhuanaithe[6].

Léirigh an próiseas NTICI freisin gur thréigeadh DPIs eile ag an bhforbróir nó comhlacht bainistíochta an eastáit, nach bhfuiltear á n-oibriú in aon chor nó nach bhfuil siad ag obair mar is cuí, nó táthat á gcothabháil go dona. Léirigh an próiseas tairiscintí le déanaí imthosca cosúla.

Sa chuid is mó imthosca, bhí ceadúnas um scaoileadh ag teastáil ó eastáit DPI - a nglaoitear de ghnáth ceadúnas 'Chuid 4' - faoi réir an rialacháin ceadúnaithe ábhartha[7]. Léirigh an próiseas NTICI agus an próiseas tairiscintí le déanaí araon go bhfuil cásanna ann inar theip ar eastáit DPI cloí le coinníollacha faoi réir an cheadúnais um scaoileadh, agus ní raibh cinn eile ceadúnaithe ag na údaráis áitiúla.

Mar thoradh ar na fadhbanna cnuasaitheacha, tá go leor eastáit DPI ag spreagadh rioscaí don sláinte poiblí agus comhshaol. Is gá go mbeidh siad réitithe go forchéimnitheach agus inbhuanaithe.

Dar le tuarascáil NTICI, bunaithe ar sonraí an tsuirbhé cnuasaithe i Lúnasa 2018, tá eastáit DPI lonnaithe i 24 ceantar údaráis áitiúla. Don seacht gceann fágtha - go háirithe uirbeach - thuairiscigh údaráis áitiúla nach raibh eastáit DPI ina gceantair.

[6] Rinne Uisce Éireann páipéar táirgthe dar teideal *'Teicneolaíochtaí Cóireála Inbhuanaithe'*. Féach samplaí de theicneolaíochtaí dá leithéid i mBogaigh Thógtha Chomhtháite ag an nasc seo: https://www.water.ie/wastewater/wetlands/ agus https://www.housing.gov.ie/file/2532

[7] Féach ag an nasc seo: http://www.irishstatutebook.ie/eli/1977/act/1/enacted/en/html agus http://www.irishstatutebook.ie/eli/1977/si/296/made/en/print

Thug tuarascáil NTICI staidrimh ar an staid náisiúnta i Lúnasa 2018 ar eastáit leagáide nach raibh glactha i gceannas, lena n-áirítear an fochuid le DPI, mar a leanas:

- Ní raibh **4,854 eastát (lena n-áirítear eastáit DPI)** glactha i gceannas - **laghdú 14%** ar an staid ag deireadh 2015, agus
- Bhí fuíolluisce don chuid is mó ag **834** eastát (timpeall 17% de líon iomlán na n-eastát nach bhfuil glactha i gceannas) - **laghdú 9%** ar an staid ag deireadh 2015.

Léiríonn a thuilleadh measúnaithe ar na sonraí ó shuirbhé Lúnasa 2018, ó thaobh líon na dtithe in eastáit DPI, 13.5% de líon iomlán na dtithe in eastáit nach bhfuil glactha i gceannas. Dá bharr, is féidir bheith ag súil leis, don chuid is mó d'eastáit, agus líon na dtithe a ghabhann leo, nach bhfuil glactha i gceannas, nach mbraitheann siad ar a DPI i gcomhair seirbhísí uisce.

Is tábhachtach a lua gur sonraí tréimhsiúil é sin, nach n-athraíonn go leanúnach leis féin agus teastaíonn nuashonrú uaidh.

Chun cuidiú le réiteach forchéimnitheach inbhuanaithe fadtréimhseach ar eastáit DPI, chuid an próiseas na eastáit i gceithre chatagóir. Tugtar cur síos ar an gcatagóiriú ag Tábla 1 thíos.

Tábla 1 - Catagóirí i dtuarascáil NTICI ar eastáit fuíolluisce DPI

Catagóir	Cur Síos ar Chatagóir
1	Eastáit i mbailte agus sráidbhailte ina féidir réiteach a fháil ach iad a cheangal le gréasán IW.
2	Eastáit lonnaithe i mbailte agus sráidbhailte níos mó lasmuigh gréasán ceirtleánaithe IW.
3	Eastáit le <50 aonad agus >5 aonad lonnaithe i lonnaíochtaí tuaithe níos lú lasmuigh gréasán ceirtleánaithe IW.
4	Eastáit le <5 aonad i mbailte tuaithe a bhraitheann ar scála beag ar DPI nó dabhaigh shéarachais.

Ar an mbunús sin, bheadh réiteach na n-eastát DPI fuíolluisce go ginearálta tríd a leanas:

- ***Díchoimisiúnú (Catagóir 1):*** baineann sé sin le seirbhísí uisce an eastáit a cheangal le córas bailiúcháin Uisce Éireann nó WwTP cuí eile (go hiondúil DPI eile) a cheadaíonn don DPI a bheith díchoimisiúnaithe, nó
- ***Uasghrádú nó athchur (Catagóir 2, 3 agus 4):*** baineann sé sin le teicneolaíochtaí cóireála inbhuanaithe a úsáid ar an suíomh céanna nó suíomh ailtéarnach cuí eile.

Ag brath ar imthosca, is féidir díchoimisiúnú a dhéanamh freisin ar chuid de Chatagóir 2, 3 agus 4 in eastáit ina bhfuil líon sásúil astu i suíomh lonnaíochta chun a cheadú don chur chuige sin a bheith indéanta go teicniúil agus go heacnamaíoch.

Sa chás sin, bheadh cúis soiléir ag teastáil chun an cur chuige is inbhuanaithe a bhunú - córas bailiúcháin pobail agus gléasra cóireála (uasghrádú ar cheann reatha nó ceann nua) nó scaoileadh chuig an ngréasán Uisce Éireann - ar bhonn saolré iomláine.

Lean an cháipéis chreatlaigh don chlár ilbhliantúil agus an teimpléad do na tairiscintí an catagóiriú sin agus cur chuige réitigh inbhuanaithe.

Rinneadh anailís deisce bhreise ar eastáit Chatagóir 1 ag Uisce Éireann in 2016 chun líon na n-eastát ar féidir a cheangal leis an ngréasán a chinntiú.

Léirigh an anailís gur féidir cuid d'eastáit Chatagóir 1 a cheangal lena ngréasán láithreach. Bhí sé sin agus an t-infreastruchtúr poiblí - an WwTP agus an córas bailiúchán araon - ag freastal ar na suíomhanna sin le go leor acmhainneacht forchoimeádta agus bhí siad i gcomhréir lena n-údaruithe um scaoileadh[8].

Dá réir, chun a thuilleadh pleanáil a chumasú don phróiseas réitithe inbhuanaithe agus forchéimnitheach ar eastáit DPI fuíolluisce, roinn NTICI na eastáit Chatagóir 1 i bhfochatagóirí. Tugtar cur síos ar na fochatagóirí ag Tábla 2 thíos.

Is bunús úsáideach iad na fochatagóirí chun áit tosaíochta agus amchlár idirghabhála a thabhairt faoi réir an chláir ilbhliantúla.

Tábla 2 - Fochatagóirí le eastáit DPI fuíolluisce Chatagóir 1 i dtuarascáil NTICI

Fochatagóir	Sonraí ar na Fochatagóirí le eastáit Chatagóir 1
1A	Bhí go leor acmhainneacht forchoimeádta faoi láthair ag WwTP (agus/nó córas bailithe) chun glacadh le ceangal agus tá sé i gcomhréir le údarú um scaoileadh fuíolluisce
1B	Níl go leor acmhainneacht forchoimeádta ag WwTP (agus/nó córas bailithe) chun glacadh le ceangal ach tá sé curtha le Plean Infheistíochta Caipitil Uisce Éireann
1C	Níl go leor acmhainneacht forchoimeádta ag WwTP (agus/nó córas bailithe) chun glacadh le ceangal agus níl sé le Plean Infheistíochta Caipitil Uisce Éireann

[8] Féach ag an nasc seo: https://www.epa.ie/licensing/watwaste/wwda/

Phléigh tuarascáil NTICI réitigh féideartha i gcomhair eastáit Chatagóir 1-4 agus fochatagóirí a bhaineann le eastáit Chatagóir 1.

Tá achoimre ar na cúinsí táscacha chun ceangal le eastáit Chatagóir 1A, 1B agus 1C fuíolluisce DPI Uisce Éireann ag Tábla 3 thíos.

Tábla 3 - Cúinsí táscacha um nascadh Uisce Éireann D'eastáit DPI fuíolluisce Chatagóir 1		
Cúinse	**Tá acmhainneacht forchoimeádta ag Uisce Éireann (WwTP agus gréasán bailithe)**	**Uasghrádú gréasáin Uisce Éireann WwTP agus/nó bailiúcháin beartaithe1**
1A	Tá	Tá
1B	Níl	Tá
1C	Níl	Níl
Nóta 1: Liostaithe i bPlean Infheistíochta Caipitil Uisce Éireann 2020-2024 i gcomhair uasghrádaithe.		

Fanann na cúinsí ceangail táscacha d'eastáit DPI fuíolluisce, a thiteann faoi Chatagóir 1, fós ábhartha. D'oibrigh sé mar bhunús faisnéise i gcáipéis Chreatlaigh d'údaráis áitiúla i gcomhair féidearthachtaí rath na dtairiscintí agus an t-amchlár dóchúil chun réiteach a thabhairt d'eastáit faoi réir an chláir ilbhliantúla.

I gcomhair eastáit DPI a thiteann faoi Chatagóir 1A, tá an scéal simplí go leor. Tá go leor acmhainneachta forchoimeádta ag an gcumasú córais Uisce Éireann, sna gréasáin WwTP agus bailithe araon, agus tá sé i gcomhréir lena údarú um scaoileadh fuíolluisce. Dá bharr, laistigh acmhainneachta forchoimeádta, is féidir ceangal a dhéanamh le eastáit DPI, ag cumasú don DPI a bheith díchoimisiúnaithe.

Dar le cáipéis chreatlaigh go nglacann an Roinn le eastáit DPI fuíolluisce Chatagóir 1 mar thosaíocht chun tairiscintí faoi réir an tréimhse maoinithe 2019-2021 den chlár ilbhliantúil.

I gcomhair eastáit DPI a thiteann faoi Chatagóir 1B agus 1C, dúir an tuarascáil NTICI, i gcás WwTPs Uisce Éireann atá gar le nó ar éigean thar acmhainneachta, teastaíonn smaointeoireacht chúramach chun cloí le sláinte poiblí agus torthaí comhshaoil a fheabhsú, rud a chiallaíonn go mbeadh ceangal le infreastruchtúr Uisce Éireann níos fearr mar réiteach.

Tá an cur chuige breithniúcháin sin ábhartha go háirithe i gcás eastáit DPI a thiteann faoi Chatagóir 1B, toisc go bhfuil uasghráduithe chuig an gcóras poiblí i dtriail, ar siúil, nó pleanáilte agus curtha leis an bPlean Infheistíochta Caipitil Uisce Éireann 2017-2021 (CIP).

Dar le cáipéis chreatlaigh go nglacann an Roinn, faoi réir na srianta thuasluaite, le eastáit DPI fuíolluisce Chatagóir 1 mar thosaíocht chun tairiscintí faoi réir an tréimhse maoinithe 2019-2021 den chlár.

Dar le tuarascáil NTICI nach bhfuil sé dóchúil go mbeidh eastáit DPI fuíolluisce Chatagóir 1C réitithe laistigh lár an téarma, toisc gur gá uasghrádú a dhéanamh chun infreastruchtúr Uisce Éireann a chumasú.

Dúirt cáipéis chreatlaigh gur féidir le údaráis áitiúla tairiscintí a sheoladh, tacaithe ag fianaise, le haghaidh maoinithe d'eastáit DPI fuíolluisce Chatagóir 1C más dóigh leo go dteastaíonn imthosca luaite thuas ó fheabhsúchán do shláinte poiblí agus comhshaol éisceachtúil.

Tá líon beag eastáit DPI a thiteann faoi Chatagóir 2 lonnaithe lasmuigh gréasáin Uisce Éireann. Dar le tuarascáil NTICI gurb é an réiteach is fearr do na WwTPs sin, i ngeall ar a méid coibhéiseach, ná iad a uasghrádú mar WwTPs neamhspleácha ar féidir a fhairsingiú, sa todhchaí, chun freastal ar a thuilleadh forbartha ag pobal an bhaile. Is gá an chuid is mó dóibh a dhíchoimisiúnú agus a athchur le WwTPs nua ag úsáid teicneolaíochtaí cóireála inbhuanaithe.

Go hailtéarnach, d'fhéadfadh an réiteach i gcomhair Catagóir 2, i gcásanna áirithe, a bheith cosúil de réir breac-chuntais do Chatagóir 1 thuas. Má bhíonn siad gearr go leor le gréasán Uisce Éireann chun gur féidir, más indéanta go teicniúil agus eacnamaíoch, a cheangal leis an ngréasán agus an DPI a bheith díchoimisiúnaithe.

Luaigh tuarascáil NTICI gur gá cuid mhaith de na eastáit DPI sin i gCatagóir 3 agus 4 a dhíchoimisiúnú freisin agus a athchur le WwTPs nua a úsáideann teicneolaíochtaí inbhuanaithe.

Níl mais ar mhéid chriticiúil ag eastáit DPI i gCatagóir 3 agus 4 agus tá siad iargúlta ó ghréasán Uisce Éireann. Dá réir, níltear ag súil go mbeidh ceangal indéanta go teicniúil nó go heacnamaíoch. An t-éisceacht fhéideartha ná go mbeidh cúpla ceann dóibh ag suíomh áirithe.

I ngeall ar a méid teoranta agus dáileadh geografach, is dúshlán suntasach iad eastáit DPI Chatagóir 3 agus 4 in aghaidh réitithe, lena n-áirítear oibriúchán agus cothabháil buaine sa todhchaí. Is tábhachtach a lua, breathnófar ar an ndeontas ábhartha choinníollacha pleanála do na forbairtí sin chun a fháil amach an raibh aon intinn ann chun ceannas a fháil orthu nó an mbeadh tríú páirtí freagrach astu fós.

Luann tuarascáil NTICI go dteastaíonn réiteach chun an dá chatagóir níos deacra eastáit DPI sin a réitiú go forchéimnitheach ar bhealach inbhuanaithe. Beidh a thuilleadh measúnaithe ag teastáil ar gach rogha cuí i ngeall ar cé chomh fairsing is atá na eastáit sin óna chéile i lonnaíochtaí tuaithe beaga, sráidbhailte agus cúlchríocha bainteach leo.

Tá féidearthacht ann dar leis an tuarascáil go mbeadh cásanna suímh sonracha ag eascrú le ham, ar chúiseanna éagsúla, chun ceangal a cheadú don dá chatagóir sin eastáit DPI le gréasán Uisce Éireann. Chomh maith leis, d'fhéadfá cóireáil baile nó cnuasaigh ar féidir leo a bheith faoi bhainistíocht Uisce Éireann eascrú freisin, faoi réir a chomhaontaithe, mar roghanna féideartha sa todhchaí i gcomhair réitigh inbhuanaithe.

Thug an tuarascáil meastacháin buiséid réamhchéime, bunaithe ar staidéir deisce, i gcomhair réitigh inbhuanaithe ar 834 eastát DPI fuíolluisce ag **€293 milliún.**

Chuir an tuarascáil in iúil go raibh an meastachán táscach agus ba chóir é a fháil amach bunaithe ar imscrúduithe sonracha ar shampla ionadaithe eastáit aonair chun faisnéis níos fearr a fháil do réitigh an pholasaithe agus costais an réitigh le clár maoinithe ilbhliantúil chun réiteach cinnte inbhuanaithe a thabhairt do na fadhbanna bainteach le DPI le ham.

Luaigh an tuarascáil nach raibh costais pleanála éagsúla leis an meastachán (m.s. Imscrúduithe comhshaoil, ceannacháin talaimh breise srl) nó uasghrádú níos casta nó réitigh athchurtha (m.s. Cóireáil treasach, sruthanna éalaithe ailtéarnacha srl). Tá na ceisteanna sin ábhartha d'eastáit DPI fuíolluisce Chatagóir 2, 3 agus 4.

Chomh maith leis, níor cuireadh leis an meastachán costais caipitil d'Uisce Éireann chun acmhainneacht cóireála forchoimeádta a sholáthar ag a WwTPs (amhail do ghléarsaí nach bhfuil acmhainneacht forchoimeádta CIP acu faoi láthair) chun freastal ar lóid breise ó eastáit DPI. Tá an cheist seo ábhartha d'eastáit áirithe Chatagóir 1 amháin.

Nuair a cheadaítear don méid thuasluaite, amhail pleanáil agus costais caipitil eile, léiríonn an tuarascáil gur dóchúil go mbeidh costas measta réamhchéime le réiteach na n-eastát DPI ag dul in airde go suntasach.

Eastáit DPI uisce óil

Ní raibh eastáit DPI uisce óil, i ngeall ar a líon beag, déileáilte leis ag tuarascáil NTICI. D'ainneoin sin, is féidir le DPI uisce óil chun cuspóirí an chláir ilbhliantúla a bheith curtha i gcatagóirí cosúla ach ar bhealach níos simplí de réir Tábla 4 thíos.

Tábla 4 - Catagóirí eastáit DPI uisce óil	
Catagóir	**Cur Síos ar Chatagóir**
A	Eastáit in nó in aice le bailte, sráidbhailte agus ceantair tuaithe ina féidir réiteach a fháil ach iad a cheangal le gréasán

	Uisce Éireann.
B	Eastáit lonnaithe i gceantair tuaithe lasmuigh agus ró-iargúlta ó ghréasán Uisce Éireann le bheith ceangailte leis.

Is féidir le cuid d'eastáir DPI uisce óil Chatagóir A a bheith ceangailte le gréasáin Uisce Éireann láithreach. Tá sé sin agus an t-infreastruchtúr poiblí - an WTP agus an ngréasán dáileacháin araon - ag freastal ar na suíomhanna sin le go leor acmhainneacht forchoimeádta agus tá siad i gcomhréir faoi láthair lena n-oibleagáidí faoi réir Rialacháin Uisce Óil[9].

Dá réir, chun a thuilleadh pleanála a chumasú don phróiseas réitithe inbhuanaithe agus forchéimnitheach ar eastáit DPI uisce óil, is féidir na eastáit Chatagóir A a roinnt i bhfochatagóirí eile. Tugtar cur síos ar na fochatagóirí ag Tábla 5 thíos.

Tábla 5 - Fochatagóirí le eastáit DPI uisce óil Chatagóir A

Fochatagóir	Sonraí ar na Fochatagóirí le eastáit Chatagóir A
A1	Tá go leor acmhainneacht forchoimeádta ag WTP agus/nó gréasán dáileacháin faoi láthair chun ceangal a ghlacadh agus tá sé ag cloí lena oibleagáidí i gcomhair cáilíochta agus cáinníochta uisce óil
A2	Níl go leor acmhainneacht forchoimeádta ag WTP (agus/nó gréasáin dáileacháin) chun glacadh le ceangal ach tá sé curtha le Plean Infheistíochta Caipitil Uisce Éireann
A3	Níl go leor acmhainneacht forchoimeádta ag WTP (agus/nó gréasán dáileacháin) chun glacadh le ceangal agus níl sé le Plean Infheistíochta Caipitil Uisce Éireann

Tugann Tábla 6 thíos achoimre ar chásanna táscacha do réiteach eastáit DPI uisce óil Chatagóir A á gceangal le gréasán Uisce Éireann.

Tábla 6 - Cúinsí táscacha um nascadh Uisce Éireann Eastáit DPI uisce óil Chatagóir A

[9] Féach ag an nasc seo: http://www.irishstatutebook.ie/eli/2014/si/122/made/en/print agus http://www.irishstatutebook.ie/eli/2017/si/464/made/en/print

Cúinse	Acmhainneacht forchoimeádta Uisce Éireann (WTP agus/nó gréasán dáileacháin)	Uasghrádú gréasáin Uisce Éireann WTP agus/nó dáileacháin beartaithe1
A1	Tá	Tá
A2	Níl	Tá
A3	Níl	Níl
Nóta 1: Liostaithe i bPlean Infheistíochta Caipitil Uisce Éireann 2020-2024 i gcomhair uasghrádaithe.		

Réiteach féideartha atá forchéimnitheach inbhuanaithe d'eastáit DPI uisce óil Chatagóir B lonnaithe i gceantair tuaithe lasmuigh agus ró-fhada ó ghréasán Uisce Éireann chun ceangal leis ná:

- Ceangal le grúpa reatha scéim uisce más ann dó; nó
- Scéim uisce ghrúpa nua a dhéanamh don eastáit agus don phobal mórthimpeall air.

Is féidir le réiteach le scéim uisce ghrúpa nua a bheith dírithe ar an eastát, nó ar an eastát agus an pobal níos leithne in aice leis an eastát, ina bhfuil sé indéanta go teicniúil is go heacnamaíoch gréasán dáileacháin a fhorbairt chuige sin.

Beidh ar údaráis áitiúla breathnú leis an eastát agus an pobal níos leithne ar an bhféidearthacht chun scéim uisce ghrúpa nua a fhorbairt sa cheantar mar fhreagra níos inbhuanaithe go fadtréimhseach i gcomhair a riachtanais soláthair uisce óil. Is féidir leis an údarás áitiúil tacú agus cuidiú leis an bpobal sa phróiseas sin.

Tá deontais ar leithligh ar fáil tríd an gClár Uisce Tuaithe Ilbhliantúil[10] chun forbartha scéimeanna uisce ghrúpa nua.

Líon reatha measta eastáit DPI uisce óil agus fuíolluisce

Pointe tosaithe tábhachtach chun tús a chur leis an gclár maoinithe nua ilbhliantúil ná bonnlíne cinntitheach a bhunú ar líon na n-eastát DPI fuíolluisce agus uisce óil i ngach ceantar áitiúil.

Beidh an bonnlíne ina bhunús tábhachtach faisnéise, agus is féidir monatóireacht a dhéanamh ar dhul chun cinn agus éifeachtacht an chláir maoinithe ilbhliantúla leis le linn a

[10] Féach ag an nasc seo: https://www.housing.gov.ie/water/water-services/rural-water-programme/minister-murphy-announces-new-three-year-investment

chur i bhfeidhm le ham. Go príomha, ceadaíonn sé do ghníomhaíocht thomhaiste ‘roimhe agus i ndiaidh’ ar an gclár maoinithe de réir is a fhorbraíonn sé agus beidh air athrú le ham.

I ndiaidh an clár a chríochnú, beidh an bonnlíne ag cuidiú le tomhais a ghlacadh de rath an chláir.

Dá bharr, in éineacht leis an bpróiseas tairisceana, rinne an Roinn suirbhé ardleibhéil (in Q3 2019) chun líon ginearálta an trí chineál eastát DPI a bhunú i ngach údarás áitiúil. I ndiaidh sin, rinneadh suirbhé níos mionsonraithe (in Q4 2019) ag Uisce Éireann thar ceann na Roinne. B’aidhm leis an suirbhé níos mionsonraithe sin mionsonraí a bhunú - ainm an eastáit, lonnaíocht agus uimhir an tí - le eastáit DPI i ngach údarás áitiúil, agus ar an mbunús sin, na eastáit DPI a chur i gcatagóirí.

Léiríonn suirbhé Uisce Éireann, in Q4 2019, go raibh go náisiúnta:

- **534** eastát ag brath ar sheirbhísí uisce DPI,
- **13** eastát ag brath ar sheirbhísí fuíolluisce agus uisce óil DPI,
- **19** eastát ag brath ar sheirbhísí uisce óil DPI.

Ar iomlán, léirigh an suirbhé in Q4 2019, go raibh go náisiúnta:

- **566** eastát ag brath ar sheirbhísí uisce DPI.

Tá an 566 díreach faoi bhun 68% den suíomh tuairiscithe in Q3 2018 (843 sa tuarascáil NTICI).

Tá líon na ngléarsa cóireála DPI níos lú ná líon na n-eastát a bhraitheann ar an DPI in eastáit in aice láimhe dá seirbhísí uisce.

Is tábhachtach a lua gur sonraí tréimhsiúil é sin, nach n-athraíonn go leanúnach leis féin, dá bharr teastaíonn nuashonrú agus bailíochtú rialta uaidh.

Tá líon laghdaithe anois d’eastáit DPI, i gcomparáid le tuarascáil NTICI, i ngeall ar na fachtóirí a leanas:

- Míthuairisciú a tharla roimhe toisc go raibh údaráis áitiúla lena n-áirítear eastáit atá lasmuigh an tsainmhínithe socraithe do DPI (m.s. Stáisiúin caidéalúcháin amháin, baile saoire agus eastáit pobail le geata srl),
- Botúin eile lena n-áirítear glanadh i sonraí suirbhé 2018 fillte faoi réir an phróisis NTICI.

Liostaigh tuarascáil NTICI 24 údarás áitiúil le eastáit DPI. Léiríonn suirbhé Q3/Q4 2019 ag an Roinn/Uisce Éireann gur laghdaigh an líon sin go 19 údarás áitiúil. Léiríonn Figiúir 1 scaipeadh eastáit DPI ar feadh na n-údarás áitiúil sin.



Figiúir 1 - Scaipeadh eastáit DPI de réir údarás áitiúil (Foinse: Uisce Éireann/suirbhé na Roinne Q3/Q4 2019).

Comhdhéanann dhá údarás áitiúil (Dún na nGall agus Loch Gorman) díreach os cionn 50% d'eastáit DPI. Comhdhéanann naoi n-údarás áitiúil (An Clár, Corcaigh, Dún na nGall, Gaillimh, Ciarraí, Cill Dara, Cill Chainnigh, Tiobrad Árann agus Loch Gorman) díreach os cionn 90% d'eastáit DPI. Tá na eastáit DPI uisce óil ar fad lonnaithe i gcúig údarás áitiúil (Ciarraí, Cill Dara, Cill Chainnigh, Laois agus Tiobrad Árann) - tá os cionn leath de gach eastát DPI uisce óil i gCill Chainnigh.

Taispeánann an Léarscáil 1 thíos scaipeadh agus comhdhlúthú eastáit DPI ar feadh na tíre.



Léarscáil 1 - Scaipeadh agus comhdhlúthú go leor catagóirí eastát DPI fuíolluisce agus uisce óil ar fud na tíre (Foinse: Uisce Éireann/suirbhé na Roinne Q3-Q4 2019).

Ceadaíonn an suirbhé seo d'fhorbairt tuisceana níos mó chun gur féidir cur chuige a phleanáil don chlár ilbhliantúil bunaithe ar scaipeadh na n-eastát agus tithe laistigh go leor catagóirí eastát DPI.

Tá líon na n-eastát DPI Chatagóir 1-4 fuíolluisce agus DPI uisce óil táblaithe thíos de réir aonaid tí agus líon an eastáit (féach Tábla 6 thíos).

Tábla 6 - Líon na n-eastát DPI bunaithe ar líon na n-aonad tí agus eastát		
Cineál Eastáit DPI	**Aonaid Tí (Líon)**	**Eastáit (Líon)**
Fuíolluisce - Catagóir 1	3,142	94
Fuíolluisce - Catagóir 2	1,476	19
Fuíolluisce - Catagóir 3 (féach Nóta 1)	4,958	353
Fuíolluisce - Catagóir 4	237	80
Uisce Óil	502	19
Iomlán	**10,315**	**566**

Nótaí
1. Tá DPI uisce óil ag eastáit áirithe.
2. Tá líon na ngléarsa cóireála DPI níos lú ná líon na n-eastát a bhraitheann ar an DPI in eastáit in aice láimhe dá seirbhísí uisce.

Mar a bhí ráite roimhe seo maidir le sonraí, is tábhachtach a lua gur sonraí tréimhsiúil é sin, nach n-athraíonn go leanúnach leis féin, dá bharr teastaíonn nuashonrú agus bailíochtú rialta uaidh.

Bunaithe ar fhigiúirí eastáit DPI, tá beagnach dhá thrian eastáit DPI i gCatagóir 3, le Catagóir 1 ag comhdhéanamh 17% d'eastáit (féach Figiúir 2 thíos).

Bunaithe ar líon na dtithe, tá beagnach leath de na tithe ar fad i gCatagóir 3, le Catagóir 1 ag comhdhéanamh beagnach triain de na tithe iomlán (féach Figiúir 3 thíos).

Léirigh Uisce Éireann go raibh díreach os cionn 10,300 teach in eastáit DPI. Áirítear leis sin díreach os cionn 700 teach ag brath ar DPI uisce óil.

Don chuid is mó, is eastáit beaga iad eastáit DPI. Tá díreach os cionn 50% d'eastáit DPI in eastáit 10 nó níos lú teach. Tháinig beagnach 75% de thithe sular chuaigh méid na n-eastát thar 20 teach ar iomlán (féach Figiúir 4 thíos).

Tá beagnach 95% ina n-eastáit Chatagóir 3 agus 4 agus tá siad lonnaithe i lonnaíochtaí tuaithe beaga nó sráidbhailte tuaithe ag brath ar chórais cóireála DPI ar scála beag lena n-áirítear dabhach shéarachais.

Is dócha, de réir tuarascála NTICI, gur gá dóibh a bheith díchoimisiúnaithe agus a athchur le WwTPs nua ag úsáid teicneolaíochtaí cóireála inbhuanaithe. Ní hiad príomh-bhéim an chláir ilbhliantúla reatha.



Figiúir 2 - Breacadh síos de go leor catagóirí eastáit DPI bunaithe ar líon na n-eastát (Foinse: Uisce Éireann/suirbhé na Roinne Q4 2019).



Figiúir 3 - Breacadh síos de go leor catagóirí eastáit DPI bunaithe ar líon na n-aonad tí (Foinse: Uisce Éireann/suirbhé na Roinne Q4 2019).



Figiúir 4 - Breacadh síos de líon na n-eastát bunaithe ar mhéid na n-eastát (Foinse: Uisce Éireann/suirbhé na Roinne Q4 2019).

Tús leis an gclár ilbhliantúil

Shocraigh litir chiorcláin do thairiscintí maoinithe eisithe ag an Roinn in éineacht le fógra dhá phróiseas:

- Bhí cuireadh ar údaráis áitiúla a dtairiscintí a sheoladh i gcomhair maoinithe tionscnaimh chun réitigh an chláir ilbhliantúla ar eastáit DPI ina réimsí feidhme, agus
- Staidéar píolóta le bheith déanta ag Uisce Éireann ar shampla eastáit DPI reatha chun réitigh optamacha a sheachadadh do na eastáit sin.

Chumasaigh an próiseas tairisceana tús a chur le maoiniú ar réiteach forchéimnitheach inbhuanaithe, ar bhonn tosaíochta, ar eastáit DPI chun gur féidir ceannas a ghlacadh ar an eastát. Bhí na critéir chun maoinithe leagtha amach i gCreatlach a bhí éisithe leis an gciorclán do thairiscintí.

Is éiginnte an infheistíocht chandaim a theastaíonn chun réiteach a thabhairt d'eastáit DPI go fóill. Léirigh staidéar roimhe seo, mar chuid de thuarascáil NTICI, gur féidir go mbeadh suim €290m ag teastáil. Teastaíonn imscrúduithe sonracha ar shuímh chun fadhbanna a aithint, réitigh inbhuanaithe a thabhairt agus meastacháin níos stuama a ullmhú.

I ngeall ar mhéid an dliteanais acmhainneachta maoinithe chun réiteach tobann a thabhairt ar eastáit DPI, dar leis an Roinn gur ciallmhar staidéar píolóta a dhéanamh ar an infreastruchtúr reatha ar shampla frithchaiteach - de réir méid, catagóir agus údarás áitiúil - le eastáit DPI.

Chomh maith le measúnú a thabhairt ar an infreastruchtúr reatha, a constaic bainteacha, socrúcháin bainistíochta i bhfeidhm agus ceadúnú srl molfaidh an staidéar an réiteach is oiriúnaí nó an rogha cóireála is inbhuanaithe agus na costais a bhaineann lena chur i bheidhm.

Tá Uisce Éireann ag comhordú an staidéir - le bheith déanta thar a chinn ag innealtóir comhairleoireachta - ar 67 nó díreach os cionn 12.5% eastáit DPI fuíolluisce. Beidh Uisce Éireann freagrach as iniúchadh, measúnú agus luacháil ar DPI uisce. Beartaíonn Uisce Éireann tús a chur leis an staidéar píolóta ag tús Q3 2020 (cuireadh moill leis an tús i ngeall ar Covid-19). Beidh an staidéar críochnaithe ag tús 2021.

Tabharfaidh torthaí an staidéir tuiscint níos fearr don Roinn, Uisce Éireann agus geallshealbhóirí eile maidir le riachtanais teicniúla, comhshaoil, agus rialacháin chun réiteach inbhuanaithe a thabhairt ar eastáit DPI agus faisnéis do bhuiséid caipitil agus oibriúcháin. Glactha in éineacht leis an gclár ilbhliantúil reatha, tabharfaidh an staidéar faisnéis ar an bpróiseas chun scóip agus fócas a fhorbairt don chéad chlár maoinithe ilbhliantúil eile.

I ngeall ar an méid thuas, tá bealach leagtha amach ar réiteach inbhuanaithe forchéimnitheach ar eastáit DPI i bhFigiúir 5 mar léarscáil chun réitigh inbhuanaithe ar eastáit DPI.



Figiúir 5 - Léarscáil Bealaigh chun Réitigh Inbhuanaithe Forchéimnigh ar Eastáit DPI.

Táthar ag súil go dtiocfaidh príomh-ionchuir chun forbartha a thabharfaidh treoir do chinnteoireacht straitéiseach ar infheistíocht faoi réir an chéad chláir ilbhliantúla eile ón eolas faighte ó dhul chun cinn ar na tionscnaimh faoi réir an chláir ilbhliantúla. Áirítear leis sin go háirithe:

- An chéad tréimhse tionscnaimh infheistíochta faoi réir an chláir ilbhliantúla i gcomhair eastáit DPI fuíolluisce Chatagóir 3, agus
- Staidéar Uisce Éireann.

Tá na ionchuir/aschuir leagtha amach go físiúil ag Figiúir 6 thíos.



Figiúir 6 - Ionchuir ó thaispeántas agus tionscnaimh eile faoi réir an chláir ilbhliantúla nua agus staidéir Uisce Éireann chun an chéad chlár ilbhliantúil eile a fhorbairt 2022-2024.

Maoiniú ar fáil faoi réir an chláir ilbhliantúla don tréimhse maoinithe 2019-2021.

Tá tiomantas ag an bPlean Forbartha Náisiúnta (NDP)[11] chun infheistíochta thar an chéad 10 mbliana eile (ó 2018-2027) in infreastruchtúr poiblí lena n-áirítear infreastruchtúr uisce poiblí.

Áirítear leis an bPlean foráil €41 milliún don tréimhse 2018-2021 chun déileáil le ceisteanna seirbhísí uisce leagáide. As an méid sin, tá €31 milliún curtha in áirithe don chlár ilbhliantúil nua chun réiteach forchéimnitheach a éascú ar infreastruchtúr sheirbhísí uisce le eastáit tithíochta le DPI ar bhealach inbhuanaithe chun tacú le ceannas ar an eastát.

I mí Bealtaine 2018 d'fhoilsigh an Rialtas an chéad ***Ráiteas Pholasaí Sheirbhísí Uisce 2018-2025***[12] a thugann, i measc rudaí eile, léargas ar ré rialachais nua, forléargas agus cuntasacht chun seachadta seirbhísí uisce.

Aithníonn an Ráiteas aidhmeanna agus tosaíochtaí ardleibhéil i gcomhair seachadta seirbhíse uisce thar tréimhse go dtí 2025. Aithníonn an Ráiteas an riachtanas i gcomhair infheistíocht ar sheirbhísí uisce ag an Roinn chun ceisteanna sheirbhísí uisce leagáidí a réiteach lena n-áirítear DPI.

Tá maoiniú a ardaíonn go forchéimnitheach ar fáil ón Státchiste tríd an Roinn don chlár ilbhliantúil i gcomhair 2020 agus 2021 leagtha amach ag Tábla 7 thíos.

Tábla 7 - Maoiniú ar fáil ón Roinn faoi réir an chláir ilbhliantúla 2019-2020		
2019	2020	2021
€6 milliún	€8 milliún	€12 milliún

Ní raibh an maoiniú curtha in áirithe do 2019 réadaithe toisc nach ndearnadh an próiseas NTICI, a chumasaigh tús leis an bhforbairt ar an gclár ilbhliantúil, go dtí foilseachán an tuarascála i Nollaig 2018.

Bunaithe ar an gcáipéis chreatlaigh, tá an maoiniú ón Roinn faoi réir an chláir teoranta do ranníocaíocht nó comh-mhaoiniú i dtreo riachtanais maoinithe ginearálta chun réitigh

[11] Féach ag an nasc seo: https://www.gov.ie/en/policy-information/07e507-national-development-plan-2018-2027/

[12] Féach ag an nasc seo: http://www.housing.gov.ie/water/water-services/minister-murphy-launches-water-services-policy-statement-2018-2025

inbhuanaithe a thabhairt agus gné DPI a réitiú le infreastruchtúr sheirbhísí uisce sa chineál sin eastáit.

Tá bealaí féideartha chun réiteach forchéimnitheach a thabhairt ar eastáit DPI ó mhaoiniú ag teacht ón gclár ilbhliantúil

D'ullmhaigh an Roinn, thar ceann an Rialtais, agus d'fhoilsigh sé Creat Náisiúnta um Phleanáil (NPF)[13] faoi réir Tionscnamh Éire 2040, an polasaí uileghabhálach agus creat pleanála d'fhorbairt sóisialta, eacnamaíoch agus cultúrtha ár dtíre.

Ó 1 Eanáir 2014, tá freagracht reachtúil ag Uisce Éireann i gcomhair gach gné de phleanáil, seachadadh agus oibriúchán seirbhísí uisce ag leibhéil náisiúnta, réigiúnach agus áitiúil.

Chuir Uisce Éireann chun cinn cur chuige i gcomhair Cláir Fhás Bailte Beaga agus Sráidbhailte, mar chuid dá Phlean Infheistíochta Caipitil 2020-2024 seolta chuig an gCoimisiún um Rialaithe Gléasraí, a thabharfaidh tacaíocht do go leor Aidhmeanna Pholasaí Náisiúnta agus Torthaí Straitéiseacha faoi réir an NPF.

Tá an Clár Fhás Bailte Beaga agus Sráidbhailte beartaithe chun acmhainneacht fáis fuíolluisce a thabhairt do lonnaíochtaí beaga nach dtabharfar ar bhealach eile dá bPlean Infheistíochta Caipitil do 2024. Oibreoidh Uisce Éireann le údaráis áitiúla ar fud na tíre chun a chinntiú go ndéantar infheistíocht in áiteanna ina bhfuil sé ag teastáil go mór, ailínithe le príomh-straitéisí. Tá Uisce Éireann ag cur lena dtairiscintí faoi láthair ar an gclár sin.

I dteannta leis an tacaíocht a thugann an Plean Infheistíochta Caipitil do shuíomhanna séaraithe i suíomhanna uirbeacha agus tuaithe na hÉireann, d'ullmhaigh Uisce Éireann freisin chun tacú le údarás áitiúla ar mian leo maoiniú a lorg i gcomhair sráidbhailte gan shéaraigh tríd an gCiste Athchóirithe agus Forbartha Tuaithe leis an bPlean Forbartha Náisiúnta.

[13] Féach ag an nasc seo: http://npf.ie/

Cosc a chur ar fhadhbanna sa todhchaí le DPI

Is cuspóir leis an gclár ilbhliantúil réiteach forchéimnitheach a thabhairt ar leagáid, amhail eastáit DPI reatha ar bhealach inbhuanaithe. Níl an cuspóir bainteach le foráil forbartha nua a éascú nó a cheadú. D'ainneoin sin, beidh cásanna ina dtarloidh forbairt nua sa todhchaí ag suíomh ginearálta na n-eastát DPI.

Tá toimhde ginearálta ann go mbeidh forbairt nua dírithe ar shuíomhanna a fhaigheann soláthar uisce poiblí agus gréasáin bailithe fuíolluisce.

D'eisigh an Roinn treoirlínte dréachtaithe - ***Treoirlínte Sheirbhísí Uisce d'Údaráis Pleanála***[14] - d'Údaráis Pleanála. Tugann na Treoirlínte rialachas dea-chleachtais chun bainistíocht ghníomhach a dhéanamh ar chomhéadan idir na feidhmeanna pleanála agus forbartha tugtha ag údaráis pleanála agus seachadadh seirbhísí poiblí ag Uisce Éireann.

Eisítear Treoirlínte faoi réir coda 28 an Achta. Dá bhrí sin, teastaíonn ó Údaráis Pleanála tagairt dóibh agus iad ag feidhmiú.

Is tábhachtach go leanann údaráis pleanála ag seachadadh creatlaigh i gcomhair pleanála cuí agus forbartha inbhuanaithe ag leibhéil cathrach agus tuaithe atá comhleanúnach leis an bpolasaí pleanála náisiúnta agus réigiúnach ar spáis.

Is polasaí le Uisce Éireann naisc a éascú lena ngréasáin, ina bhfuil spás breise ann, chun úsáid infreastruchtúir reatha a uasmhéadú agus costais infheistíochta bhreise a chosc.

Áirítear le príomh-theachtaireacht ó na treoirlínte (béim curtha ann):

> *"Is gá go leanfaidh údaráis pleanála ag seachadadh creatlaigh i gcomhair pleanála cuí agus forbartha inbhuanaithe ag leibhéil cathrach agus tuaithe atá comhleanúnach leis an bpolasaí pleanála náisiúnta agus réigiúnach. Socraithe laistigh an chomhthéacs sin,* ***ní mór do chandam, lonnaíocht agus spreagadh forbartha pleanáilte nua glacadh san áireamh acmhainneacht na seirbhísí uisce agus iarracht a dhéanamh chun úsáid éifeachtach a bhaint as agus acmhainneacht infreastruchtúir sheirbhísí pleanáilte agus reatha uisce a uasmhéadú".***

Maidir leis an bhforbairt nua, dar leis na Treoirlínte (béim curtha ann):

> *"Tá toimhde ginearálta ann go mbeidh forbairt dírithe ar shuíomhanna a fhaigheann soláthar uisce poiblí agus gréasáin bailithe fuíolluisce. Go ginearálta, ní bheadh réitigh ailtéarnacha amhail tobair príobháideacha nó gléasraí cóireála fuíolluisce curtha san áireamh ag údaráis pleanála.* ***Ní ghlacfaidh Uisce Éireann freagracht go cúlghabhálach as gléasraí cóireála soláthraithe ag forbróirí nó gréasáin bainteach leis, mura bhfuil sin comhaontaithe roimh ré".***

[14] Féach ag an nasc seo: https://www.housing.gov.ie/planning/guidelines/irish-water/draft-water-services-guidelines-public-consultation

Socraithe laistigh an chomhthéacs sin, ní mór do chandam, lonnaíocht agus spreagadh forbartha pleanáilte glacadh san áireamh acmhainneacht na seirbhísí uisce agus iarracht a dhéanamh chun úsáid éifeachtach a bhaint as agus acmhainneacht infreastruchtúir sheirbhísí pleanáilte agus reatha uisce a uasmhéadú. Tá sé sin i gcroílár an méid atá beartaithe ag dréacht na dTreoirlínte a bhaint amach.

Ról an Phainéil Saineolaithe

Tá go leor róil tábhachtacha ag an bPainéal Saineolaithe maidir leis an gclár ilbhliantúil. Imríonn an Painéal ról lárnach in athbhreithniú ar thairiscintí agus ag tabhairt moltaí i gcomhair maoinithe tionscnaimh aonair.

Go háirithe, tá feidhm uileghabhálach, rialachais agus maoirseachta ag an bPainéal maidir leis an gclár. Leis sin, táthar ag súil go leanfaidh an Painéal ag casadh le chéile le linn saolré an chláir chun dul chun cinn a athbhreithniú agus tráchtanna agus moltaí a dhéanamh chuig an Roinn agus chuig an Aire. Táthar ag súil go gcuirfidh sé sin leibhéal breise dinimice leis an gclár agus é ag dul ar aghaidh.

Chomh maith le saineolas, tugann an Painéal neamhspleáchas, oscailteacht agus follasacht don phróiseas measúnaithe ar thairiscintí, a ndéantar ar bhonn náisiúnta agus tosaíochta. Tá ról rí-thábhachtach ag an bPainéal i gcur i bhfeidhm an chláir agus cinntiú go bhfuil faisnéis ag an gcinnteoireacht ó bhreathnóireachtaí ar éifeachtacht agus luach ar airgead.

Go seicheamhach, is mar a leanas ról an Phainéil don chlár ilbhliantúil:

a). Measúnú a thabhairt ar thairiscintí ó údaráis áitiúla i gcomhair tionscnaimh maoinithe faoi réir Catagóirí 1-4 an chláir ilbhliantúla agus moltaí a thabhairt chuig an Roinn i gcomhair maoinithe. Tá critéir chun measúnaithe na dtairiscintí do gach catagóir leagtha amach sa cháipéis creatlaigh eisithe leis an gciorclán ar thairiscintí.

b). Monatóireacht a dhéanamh ar chur i bhfeidhm na dtionscnaimh roghnaithe chun maoinithe.

c). I gcás nach dtéann tionscnaimh de réir an phlean, moltaí a dhéanamh ar athordú chur i bhfeidhm, agus más gá, tionscnaimh ailtéarnacha nó breise a mholadh.

d). Measúnú iar-thionscnaimh a thabhairt ar thionscnaimh agus moltaí a dhéanamh i gcomhair rogha/coinníollacha tionscnaimh sa todhchaí agus measúnú ar chur chuige an chláir ilbhliantúla.

e). Béim a chur ar aon cheisteanna a eascraíonn ó chur i bhfeidhm an Chláir chun machnaimh na Roinne.

Dá bhrí sin, is é an chéad tasc leis an bPainéal ná measúnú agus tuairisciú (an tuarascáil seo) a thabhairt chuig an Roinn lena moltaí ar na tairiscintí seolta faoi réir an chláir nua ilbhliantúil. Tugann an Roinn feidhm rúnaíochta chuige sin.

Ar mhaithe le oscailteacht agus follasacht, cuirfear cóipeanna de thuarascálacha an Phainéil, lena n-áirítear cur chuige measúnaithe agus critéir in úsáid chun tionscnaimh a mholadh nó gan a mholadh chun maoinithe faoi réir an chláir, ar fáil ar shuíomh gréasáin na Roinne.

De réir is a théann na tionscnaimh ar aghaidh, déanfaidh an Painéal thar cúrsa an chláir monatóireacht ar a chur i bhfeidhm agus déanfaidh sé athbhreithnithe iar-thionscnaimh i gcomhthéacs don léarscáil bealaigh agus ionchuir don chéad chlár ilbhliantúil eile de réir leagtha amach ag Figiúirí 5 agus 6 thuas.

Tagann an Painéal ar chonclúidí áirithe agus déanann sé moltaí maidir le tionscnaimh breise don chlár ilbhliantúil reatha sna conclúidí agus moltaí thíos.

Cur Chuige ag an bPainéal Saineolaithe chun measúnaithe ar thairiscintí údaráis áitiúil

Roimh spriocdháta chun tairiscintí a fháil, sheol gach 19 údarás áitiúil a bhfuil eastáit DPI acu tairiscintí. Ar iomlán seoladh timpeall **331** tairiscint.

Rinne an Roinn scanadh tosaigh ar gach iarratas. Rinneadh sin i gcomhthéacs scóipe an chláir ilbhliantúla. Thug ábhar na dtairiscintí sainmhíniú críochnúil, mar aon le cur síos agus míniúchan ar DPI. D'ainnneoin sin, chuir go leor údarás áitiúil tairiscintí leis do shuíomhanna nach bhfuil ina DPI.

Bhí na tairiscintí sin i gcomhair suíomhanna amhail: óstáin, tithe saoire, páirceanna carbháin agus pobail le geata, srl. Nuair a chuir an Roinn in iúil do na údaráis bainteacha nach raibh na tairiscintí sin DPI, bhí siad cúlaithe.

Bhí go leor tairiscintí seolta go hindibhidiúil don sráidbhaile/lonnaíocht céanna. Bhí siad sin carntha nó grúpáilte le chéile chun tionscnamh taispeána amháin a chomhdhéanamh. D'eascraigh siad sin go háirithe le tionscnaimh taispeána, amhail eastáit DPI fuíolluisce Chatagóir 3.

Sheol go leor údarás áitiúil go leor tairiscintí i gcomhair eastáit Chatagóir 3. Bhí sin d'ainneoin ábhar na dtairiscintí sin ag cur teorainn air sin ar uasmhéid dhá thairiscint in aghaidh an údarás áitiúil. Nuair a cuireadh é sin in iúil do na údaráis i gceist, chloígh cuid acu leis na téarmaí sin, amhail na tairiscintí sa bhreis a chúlú, laghdaigh cuid acu líon sa bhreis agus ní dhearna cuid acu aon athruithe.

Ar deireadh, bhí cuid beag tairiscintí eile cúlaithe ar chúiseanna eile: suíomhanna tógála gníomhacha; ag feitheamh ar iarratais ceannais sa todhchaí, amhail gan mhaoiniú a iarraidh go fóill, srl.

I gcomhair an chuid eile tairiscintí, d'iarr an Roinn soiléiriú i gcomhair botúin so-fheicthe, mínormáltachtaí, faisnéis easnamhach nó míchuí srl aimsithe. Go ginearálta, d'fhreagair údaráis áitiúla do na ceisteanna sin - cé go raibh sin i ndiaidh go leor cuimhneacháin i gcásanna áirithe.

Ag eascrú ón bpróiseas thuas, d'fhan **131** tairiscint bhailíochtaithe ag feitheamh measúnaithe ag an bPainéal Saineolaithe. Bhí siad sin ar feadh 18 údarás áitiúil (síos ó 19 údarás áitiúil a sheol tairiscintí ar dtús).

Bhí príomh-bhéim an tréimhse maoinithe sin den chlár ilbhliantúil ar eastáit DPI fuíolluisce Chatagóir 1. Ag cur liosta tairiscintí i gcomparáid leis an mbunachar sonraí eastáit DPI (suirbhé Q3/Q4), cuireadh in iúil nach raibh cuid mhaith eastáit Chatagóir 1 sna tairiscintí a chomhdhéanann beagnach dhá thrian de thithe ar iomlán (féach Figiúir 7 thíos).

Léiríonn sin gur féidir go leor bealaí isteach a dhéanamh ag an gclár maoinithe ilbhliantúil ag díriú tuilleadh ar réiteach a thabhairt d'eastáit DPI Chatagóir 1. Bíonn dhá bhuntáiste ar dhul i ngleic - don chomhshaol uisce agus do go leor tithe sna eastáit sin. D'ainneoin sin, níor cuireadh líon suntasach eastáit Chatagóir 1 inréitithe go hinbhuanaithe leis na tairiscintí. Filleann an tuarascáil seo chuig an gceist sin níos déanaí ina chonclúidí agus moltaí.

Má thugtar réiteach forchéimnitheach do na DPIs fuíolluisce Chatagóir 1, agus iad ag feidhmiú go dona is coinneáilte go dona i go leor cásanna ag spreagadh rioscaí don chomhshaol agus sláinte poiblí, is féidir a chómhaireachtáil neamh-inbhuanaithe a réitiú i gceirtleán fuíolluisce ar feadh infreastruchtúir poiblí (Uisce Éireann).

Is féidir an cur chuige sin a úsáid níos iomláine, mar a bhí beartaithe sa cháipéis Chreatlaigh, agus an fhaisnéis riachtanach á forbairt ar na eastáit DPI Chatagóir 2, 3 agus 4 atá níos casta. Táthar ag tógáil leis an bhfaisnéis riachtanach agus an staidéar á dhéanamh ag Uisce Éireann ar eastáit DPI chun a cheadú don chlár díriú ar na eastáit sin a réiteach sa chéad tréimhse maoinithe eile. Déanfaidh an Painéal a thuilleadh machnamh air sin sa tuarascáil seo.

Tá critéir measúnaithe chun roghnaithe tionscnaimh i gcomhair moladh ag an bPainéal leagtha amach sa cháipéis Chreatlaigh. Mar chuid den phróiseas roghnaithe, is féidir leis an bPainéal a thuilleadh faisnéise a lorg nó cruinnithe soiléirithe a iarradh le údaráis a sheolann tairiscintí isteach chun maoinithe i gcomhair tionscnaimh sa ghearrliosta ina chabhródh sé sin in obair an Phainéil.

Is tábhachtach gur chuir an cháipéis Chreatlaigh béim ar thairiscintí a léirigh ardleibhéal fabhtcheartaithe comhoibríochta agus féidearthachtaí réitithe inbhuanaithe seasmhacha a sholáthar ag feitheamh machnaimh tosaíochta - sampla de sin ná tairiscint dhírithe ar go leor eastáit DPI a réitiú i sráidbhaile.

Chomh maith leis, chuir an cháipéis chreatlaigh béim ar thairiscintí do thionscnaimh a raibheadar ag súil go mbeadh siad ag baint leasa as maoinithe cúnta ó fhorbróirí, soláthraithe bannaí, faighteoirí (más cuí) údaráis áitiúla nó foinsí eile.



Figiúir 7 - Breacadh síos de roinnt na mbannaí ar neamh-bhannaí i gcomhair eastáit DPI Chatagóir 1 bunaithe ar líon na n-aonad tí (Foinse: Uisce Éireann/suirbhé na Roinne Q4 2019).

Conclúidí agus Moltaí

Rinne an Painéal Saineolaithe machnamh cúramach ar gach ceann de na tairiscintí bailíochtaithe chun cur san áireamh agus tá toradh na gconclúidí agus moltaí leagtha amach thíos.

Bíonn conclúidí agus moltaí ar na tairiscintí bailíochtaithe i dtrí réimse:

- Tairiscintí molta chun maoinithe,
- Tairiscintí molta chun machnaimh - a thuilleadh machnaimh ag teastáil, agus
- Tairiscintí nach bhfuil molta chun maoinithe.

Ós rud é go mbíonn an maoiniú atá á mholadh faoi réir an phróisis in easnamh go mór ón maoiniú ar fáil faoi réir an chláir ilbhliantúla, smaoinigh an Painéal air agus tháinig sé ar an gconclúid a leanas:

- Acmhainneacht do thairiscintí faoi réir an chláir ilbhliantúla reatha.

Ar deireadh, leag an Painéal amach a chonclúidí agus moltaí ar an roinnt nó comh-mhaoiniú tairiscintí.

Tairiscintí molta chun maoinithe

Leagannn amach an ciorclán ar thairiscintí, an cháipéis Chreatlaigh, na teimpléid agus an ceardlann reachtáilte ag an Roinn/Uisce Éireann go soiléir an chéad, príomh-bhéim faoi réir an chláir ilbhliantúla reatha. Bhí an béim sin ar eastáit DPI fuíolluisce Chatagóir 1A agus 1B, amhail ar féidir leo a bheith réitithe á gceangal le gréasán Uisce Éireann, rud a chumasaíonn dá gcuid DPI a bheith díchoimisiúnaithe.

Leis sin, spreag an próiseas sin d'údaráis áitiúla, in áit tosaíochta, cur chuige cosúil a ghlacadh leis an líon beag eastáit DPI uisce óil ar féidir leo a bheith réitithe ar bhealach cosúil á gceangal le gréasán Uisce Éireann, rud a chumasaíonn dá gcuid DPI a bheith díchoimisiúnaithe.

Go ginearálta, moann an Painéal tairiscintí don dá chineál sin i gcomhair maoinithe - cuid acu ar choinníollacha.

Ar iomlán moltar 25 tairiscint do 26 eastát DPI i gcomhair maoinithe ar feadh 10 údarás áitiúil. Cumasóidh a gcuid maoiniú réiteach ar an DPI a fhreastalaíonn ar 944 teach (timpeall 9.2% de gach tithe go náisiúnta a bhraitheann ar DPI dá seirbhísí uisce).

As iomlán 25 tairiscint á moladh chun maoinithe, tá trí cheann i gcomhair DPI uisce óil, nó an DPI sin san áireamh iontu. Tá siad sin lonnaithe thar trí údarás áitiúil. Cumasóidh a gcuid maoiniú réiteach ar an DPI a fhreastalaíonn ar 944 teach (timpeall 9.2% de gach tithe go náisiúnta a bhraitheann ar DPI dá seirbhísí uisce).

Cumasóidh faomhadh ar mhaoiniú réiteach ar an DPI i gceist i ngach eastáit ar bhealach inbhuanaithe ag ceangal na seirbhísí uisce ar na eastáit i gceist leis an ngréasán poiblí (Uisce Éireann). Leis sin, is féidir an DPI a dhíchoimisiúnú ag gach suíomh atá:

- Gan chothabháil, a d'éirigh gan dheisiúcháin agus i gcásanna áirithe nach bhfuil ag obair; agus
- Ag aon eastáit amháin (beag) cuirfidh sin deireadh leis an bhfadhb ina fhaigheann cónaitheoirí uisce ina bhfuil fógra "Ná Ól" agus beidh cead acu uisce ar chaighdeán maith a fháil ó Uisce Éireann.

I gcomhair trí thairiscint thar trí údarás áitiúil, tá na eastáit i gceist, seachas a gcuid seirbhísí uisce, glactha i gceannas cheana. Tá an cur chuige normálta, agus roghnaithe, i gcomhair gach seirbhísí in eastáit chun a bheith faoi riail poiblí ag an am céanna. Tharla cur chuige neamhrialta ag na údarás áitiúil don trí eastát sin sna blianta díreach i ndiaidh bunaíocht Uisce Éireann.

Éascóidh an maoiniú an ceangal do sheirbhísí uisce sna eastáit sin le gréasán poiblí (Uisce Éireann) agus beidh a DPI díchoimisiúnaithe. Leis sin, beidh staid na n-eastát sin déanta rialta agus beidh seirbhísí eastáit lena n-áirítear seirbhísí uisce go hiomlán faoi cheannas poiblí.

I ndiaidh bunaíocht Uisce Éireann, cuireadh comhaontuithe i bhfeidhm, bunaithe ar Mheamram Tuisceana, idir Uisce Éireann agus gach údarás áitiúil, ar an bpróiseas agus socrúcháin oibre chun eastáit tithíochta a ghlacadh i gceannas ceangailte le gréasán uisce agus fuíolluisce faoi úinéireacht nó riail Uisce Éireann.

Amach anseo, tá an Painéal go mór den tuairim nár chóir d'údaráis áitiúla, agus iad ag glacadh páirt i nglacadh i gceannas poiblí:

- Dul timpeall ar an bpróiseas comhoibríochta coiteann leagtha amach sa Mheamram Tuisceana comhaontaithe, nó
- Brú a chur ar an gclár ilbhliantúil chun áit tosaíochta a thabhairt do na eastáit DPI sin thar eastáit eile.

I gcomhair ocht gcinn de na eastáit sin, níor sheol an t-údarás áitiúil, ag an am tairisceana, iarratas bailí chun glacadh i gceannas. Beidh ar na údaráis áitiúla é sin a réitiú sula gcuirtear tús le aon obair (tá maoiniú faoi réir an chláir chun glacadh i gceannas na n-eastát a cheadú).

Is é costas measta, bunaithe ar iarratais, ag an obair chun réiteach inbhuanaithe a thabhairt don DPI ag ceangal seirbhísí uisce an eastáit le Uisce Éireann agus ag díchoimisiúnú a DPI ná **€4.90 milliún.** Ag glacadh ranníocaíochtaí áitiúla san áireamh (Urra/Banna agus maoiniú áitiúil eile le bheith faighte ag an údarás áitiúil) is é an maoiniú molta le tabhairt ná **€3.36 milliún.**

Tá conclúidí agus moltaí an Phainéil ar bhonn maoinithe roinnte nó chomh-mhaoinithe leagtha amach thíos.

Moladh: Tá na tairiscintí liostaithe in Aguisín A molta i gcomhair maoinithe faoi réir an chláir ilbhliantúla, cuid acu ar choinníollacha de réir taifeadta in aghaidh na tairisceana ábharthaí sa tábla.

Tairiscintí molta chun machnaimh - a thuilleadh machnaimh ag teastáil

Leagannn amach an ciorclán ar thairiscintí, an cháipéis Chreatlaigh, na teimpléid agus an ceardlann reachtáilte ag an Roinn/Uisce Éireann go soiléir an dara bhéim, agus an cur chuige glactha dó, faoi réir an chláir ilbhliantúla reatha. Bhí an dara bhéim sin ar líon beag eastáit DPI uisce óil Chatagóir 2 agus 3 chun machnaimh mar thionscnaimh taispeána oiriúnaigh i gcomhair maoinithe sa tréimhse maoinithe reatha.

Is aidhm leis na tionscnaimh taispeána tógáil ar an eolas faighte cheana ón bpróiseas NTICI chun a thuilleadh cinnteachta a fháil do bhearta maoinithe ilbhliantúla sa todhchaí.

Chuir an cháipéis chreatlaigh teorainn ar údaráis áitiúla chun uasmhéid dhá thairiscint a dhéanamh ar thionscnaimh taispeána d'eastáit DPI fuíolluisce Chatagóir 3. Chuir an cur chuige sin cothromaíocht idir an phróiseas tairisceana, ag tabhairt líon sásúil taispeána féideartha don Phainéal chun líon beag a mholadh i gcomhair faofa, agus údaráis áitiúla a sheachaint san am céanna ag ullmhú agus ag seoladh tairiscintí le beagán nó gan seans ratha.

I gcomhair eastáit DPI fuíolluisce Chatagóir 4, dar leis an gcáipéis Chreatlaigh nach raibheadar ag iarraidh ó údaráis áitiúla tairiscintí sa tréimhse maoinithe reatha seachas nuair a eascraíonn siad i lonnaíochtaí le eastáit DPI fuíolluisce Chatagóir 2 nó 3.

Bhí an cur chuige seo d'eastáit DPI fuíolluisce Chatagóir 3 agus 4 ar an mbunús tionchair féideartha teoranta ar shláinte poiblí agus/nó comhshaoil uisce ag an gcóras cóireála ar scála beag sa chatagóir agus an riachtanas chun a thuilleadh eolais a bhailiú ar an gcatagóir sin eastáit DPI.

Ceadóidh úsáid tionscnaimh taispeána in éineacht le aschur staidéir Uisce Éireann forbairt cur chuige níos fadtréimhsí agus prótacail agus tabharfaidh sé faisnéis i gcomhair maoinithe

i gcláir sa todhchaí. Leagann an léarscáil bealaigh ag Figiúir 5 agus na ionchuir ag Figiúir 6 thuas é sin amach.

I ndiaidh measúnaithe ar thairiscintí eastáit DPI fuíolluisce Chatagóir 2 agus 3 sa Phainéal dírithe ar thairiscintí i gcomhair ceithre shuíomh thar an trí údarás áitiúil a bhfuil go leor eastáit DPI acu ag gach suíomh. Glactar leis go bhfuil an t-acmhainneacht is mó ar an gceithre suíomh chun a bheith curtha san áireamh mar thionscnaimh taispeána. D'ainneoin sin, teastaíonn a thuilleadh faisnéise ar gach ceann acu.

Baineann an ceithre suíomh le DPI fuíolluisce ag freastal ar thimpeall deich n-eastát - tá eastáit DPI ag cuid de na suíomhanna nach bhfuil liostaithe sna tairiscintí - le ar a laghad 480 teach (timpeall 4.6% de gach tithe go náisiúnta ag brath ar DPI dá seirbhísí uisce).

Ba chóir gur féidir don trí údarás áitiúil a thuilleadh faisnéise a chumdú agus é a fhilleadh chuig an Roinn laistigh trí mhí óna mhachnamh ag an bPainéal.

Níl eolas ann maidir leis an gcostas a bhaineann leis na hoibreacha chun an DPI a réiteach ag an bpointe seo. Sin é toisc nár tugadh sin sna tairiscintí nó is dócha go bhfuil an réiteach difriúil go suntasach ón gceann léirithe sna tairiscintí.

Moladh: Teastaíonn a thuilleadh faisnéise ó na tairiscintí liostaithe in Aguisín B, de réir leagtha amach i gcomhair gach ceann, chun gur féidir leis an bPainéal iad a chur san áireamh a thuilleadh i gcomhair maoinithe.

Tairiscintí nach bhfuil molta chun maoinithe

Dúirt cáipéis chreatlaigh gur féidir le údaráis áitiúla tairiscintí a sheoladh, tacaithe ag fianaise, le haghaidh maoinithe d'eastáit DPI fuíolluisce Chatagóir 1C más dóigh leo go dteastaíonn imthosca luaite thuas ó fheabhsúchán do shláinte poiblí agus comhshaol éisceachtúil, agus breac-chuntas orthu sa cháipéis.

Rinne go leor údaráis áitiúla tairiscintí d'eastáit DPI fuíolluisce Chatagóir 1C gan fianaise nó le fianaise teoranta chun gur féidir leis an bPainéal na tairiscintí a chur san áireamh i gcomhair maoinithe. Tá sé sin d'ainneoin gur iarr an Roinn ó na údaráis sin fianaise tacaíocha a sholáthar. In imthosca dá leithéid, níorbh fhéidir leis an bPainéal machnamh ceart a dhéanamh orthu chun molaidh ar mhaoiniú i gcomhair a réitithe.

Mhol cuid de na tairiscintí i gcomhair eastáit DPI uisce óil ceangal sheirbhísí uisce an eastáit leis an bpríomhlíonra poiblí (Uisce Éireann), áiteanna nach raibh aon acmhainneacht forchoimeádta/spártha sa soláthar poiblí chun gur féidir leis sin tarlú.

Dar leis an bPainéal go bhfuil na tairiscintí sin réamhaibí chun cur san áireamh i gcomhair maoinithe faoi réir an chláir ilbhliantúla reatha, ós rud é go dteastaíonn dul chun cinn ar

uasghrádú ar a n-infreastruchtúr cumasaithe ag Uisce Éireann sular féidir leo a bheith molta ag an bPainéal i gcomhair a réitithe.

Dar leis an gcáipéis chreatlaigh go raibh údaráis áitiúla teoranta, faoi réir an tréimhse maoinithe reatha, chun uasmhéid dhá thairiscint a dhéanamh ar thionscnaimh taispeána d'eastát DPI fuíolluisce Chatagóir 3.

Rinne líon beag na n-údarás áitiúla tairiscintí eile sa bhreis ar an teorainn dhá thairiscint. Leis sin chruthaigh na údaráis sin obair gan iarraidh dóibh féin agus don Phainéal, toisc go raibh beagán nó aon seans ar bith ratha ag na tairiscintí sin.

Ar mhaithe le téarmaí an phróisis tairisceana a chomhlíonadh, ní féidir le tairiscintí a théann thar dhá cheann a chur san áireamh i gcomhair molta do mhaoiniú ag an bPainéal. D'ainneoin sin, tugtar treoraíocht éigin i ngach cás chun gur féidir le údaráis áitiúla iad a chur san áireamh dá réiteach inbhuanaithe.

Rinneadh go leor tairiscintí i ngach aon chatagóir ag baint le tairiscintí chun eisilteach a phumpáil ó eastáit thar fadraon chuig an ngréasán poiblí (Uisce Éireann). Baineann cuid mhaith de na tairiscintí sin le eastáit réasúnta beag. Ní raibh tairiscintí i gcomhair deich mílte in aghaidh an tí annamh, leis an gceann ab airde os cionn €150,000 in aghaidh an tí.

Ní raibh na costais airde aonaid sin indéanta agus níor luach ar airgead iad ach oiread (agus ní raibh sé soiléir gur indéanta méideanna íseal fuíolluisce gan chóireáil a phumpáil thar raon fada). Ní raibh seasamh ag aon cheann de na tairiscintí sin in aon chor maidir lena gcur chuige costais an aonaid.

Ar an mbunús sin, ní raibh aon seans ann go mbeadh na tairiscintí sin molta ag an bPainéal i gcomhair maoinithe. Ní raibh na tairiscintí ardchostais an aonaid teoranta d'aon údarás amháin, tharla sé le go leor údaráis áitiúla difriúla.

Mhol líon beag tairiscintí d'eastáit DPI fuíolluisce ceangal na n-eastát sin leis an gcóras poiblí (Uisce Éireann). D'ainneoin sin, áfach, dheimhnigh Uisce Éireann le linn a imscrúdú ar na tairiscintí nach raibh aon sócmhainní acu ag an suíomh sin. Glacann an Painéal leis go bhfuil na tairiscintí sin réamhaibí chun faomhaidh i gcomhair maoinithe faoi réir an chláir ilbhliantúla, ag feitheamh ar fhreagracht fadtréimhseach chun a cheadú do WwTP a bheith réitithe.

Is tábhachtach a lua, de réir luaite i dtuarascáil NTCI, i ngeall ar a méid teoranta agus dáileadh geografach, is dúshlán suntasach iad córais cóireála Chatagóir 3 agus 4 in aghaidh réitithe, lena n-áirítear oibriúchán agus cothabháil buaine sa todhchaí. Breathnófar ar choinníollacha ceada pleanála do na forbairtí sin chun a fháil amach an raibh aon intinn ann chun ceannas a fháil orthu nó an mbeadh tríú páirtí freagrach astu fós.

Leagann an léarscáil bealaigh ag Figiúir 5 thuas an bealach chun réitigh forchéimnitheach na n-eastát DPI, ar bhealach inbhuanaithe, chun tacú le glacadh i gceannas an eastáit.

Moladh: Níl na tairiscintí liostaithe in Aguisín C molta i gcomhair maoinithe faoi réir an chláir ilbhliantúla. Tá taifead déanta de na cúiseanna chuige sin i ngach tairiscint.

Acmhainneacht do thairiscintí faoi réir an chláir ilbhliantúla reatha

I mí Bealtaine sa bhliain seo, sheol Uisce Éireann[15] taifead d'údaráis áitiúla ar ***'Réitigh le hÚdaruithe Scaoilte Fuíolluisce - Acmhainneacht do Chóireáil Fuíolluisce'.***

Beidh an taifead, atá beartaithe d'údaráis áitiúla ina gcuid feidhmeanna, cabhrach freisin d'údaráis chun cinneadh a dhéanamh maidir le acmhainneacht a thuilleadh eastáit Chatagóir 1 fuíolluisce DPI le haghaidh réitithe inbhuanaithe dá DPI.

Rinne an Painéal, ag úsáid eastáit DPI tiomsaithe in Q3/Q4 2019 in éineacht leis an taifead, measúnú ar acmhainneacht chun réitithe eastáit DPI fuíolluisce Chatagóir 1.

Bunaithe ar an measúnú sin, thug an Painéal faoi deara gur féidir do bheagnach 30 eastát DPI fuíolluisce Chatagóir 1 thar ar a laghad seacht suíomh, nach raibh curtha leis sna tairiscintí, go mbeidh DPI réitithe ag nascadh leis an gcóras (Uisce Éireann) poiblí. Tá os cionn 700 teach bainteach nó 7% féideartha de thithe ag brath ar DPI le haghaidh seirbhísí fuíolluisce.

Is cosúil gur dheis chaillte é gan é a chur sna tairiscintí ag na húdaráis áitiúla bainteacha chun DPI a réiteach sna suíomhanna sin faoi réir an chláir ilbhliantúla reatha. Cé gur féidir go mbeidh constaicí eile ann do chuid de na suíomhanna sin, bheadh sé faoin údarás áitiúil ceannasaíocht a ghlacadh chun iad a réiteach.

D'fhorbair an Painéal cur chuige dírithe ag Aguisín D mar bhunús d'údaráis áitiúla chun acmhainneacht agus sínteacht a bhunú chun cur le eastáit DPI fuíolluisce Chatagóir 1. I ndidiadh críochnú agus filleadh chuig an Roinn, is féidir breathnóireacht a dhéanamh ar an acmhainneacht i gcomhair a thuilleadh maoinithe faoi réir an chláir ilbhliantúla reatha.

Moladh: Ní mór iarradh ar údaráis áitiúla measúnú a thabhairt ar a n-acmhainneacht d'eastáit DPI fuíolluisce Chatagóir 1 i gcomhair réitigh trí mhaoiniú ag leanúint cur chuige béime ag Aguisín D.

Maoiniú do thairiscintí - Comh-mhaoiniú

Is soiléir ó chiorclán ar thairiscintí agus an cháipéis chreatlaigh araon go mbeidh maoiniú ón Roinn faoi réir an chláir ilbhliantúla teoranta do ranníocaíocht nó chomh-mhaoiniú i dtreo an mhaoinithe ginearálta a theastaíonn chun réitigh inbhuanaithe a thabhairt chun gné DPI a réitiú in eastáit tithíochta.

[15] Litir Uisce Éireann ón dáta 28ú agus 29ú Aibreáin chuig Stiúrthóirí na Seirbhísí Pleanála.

Luaigh an Roinn, sa dá cháipéis, go raibh siad ag súil ó údaráis áitiúla a thuilleadh maoinithe a lorg ó fhoinsí eile lena n-áirítear: an forbróir, soláthraí banna, leachtóir (más ann), an t-údarás áitiúil féin, sineirgí le Uisce Éireann (tríd an bPlean Infheistíochta Caipitil), nó aon fhoinsí inrochtana ar fáil eile chun réiteach forchéimnitheach a thabhairt do cheisteanna DPI ar bhealach inbhuanaithe.

Luaigh an Painéal, ina mheasúnú ar na tairiscintí, go raibh freagrúlacht theoranta ó údaráis áitiúla ar an riachtanas sin. Níor chuaigh cuid de na údaráis áitiúla i dteagmháil in aon chor ar an ábhar, rinne cinn eile amhlaidh ar bhealach teoranta.

Ní mór do gach clár maoinithe caitheamh go cúramach le cistí poiblí, agus a chinntiú go bhfaightear an luach is fearr ar airgead aon uair a chaitear nó a dhéantar infheistíocht ar airgead poiblí. Is cuid den phróiseas sin é úsáid chomh-mhaoinithe, sna cúinsí cuí.

Bhreathnaigh an Painéal ar shocrúcháin chomh-mhaoinithe cosúla, go háirithe NTICI agus an Clár Ilbhliantúil Uisce Tuaithe le linn dóibh teacht ar a gcuid moltaí.

Cinntíonn an cur chuige sin:

- Go bhfuil cur chuige réasúnta cothromasach ann chun maoiniú cúnta a úsáid ó fhoinsí amhail forbróirí, soláthraithe bannaí, faighteoirí (nuair is cuí), údaráis áitiúla nó foinsí eile i gcomhair réitigh an DPI san fhorbairt,
- Go bhfuil iomláine an infreastruchtúir poiblí cinntithe agus go bhfuil leibhéil seirbhíse inghlactha do chónaitheoirí an eastáit,
- Go bhfuil roinnt réasúnta cothrom ann idir úsáid maoinithe lárnaigh agus áitiúil/príobháideach.

Moladh: Ní mór do na tairiscintí molta a bheith teoranta ar mhaoiniú suas go dtí 75% de chostas na n-oibreacha. Ba chóir gan mhaoiniú a théann thairis sin a chur san áireamh, seachas i gcúinsí éisceachtúla ina dtugtar cúis, agus sna cásanna sin teoranta do mhaoiniú suas go dtí 85% den chostas.

Aguisíní

Aguisín A - Tairiscintí molta ag an bPainéal Saineolaithe ar mhaoiniú faoi réir an chláir ilbhliantúla.

Aguisín B - Tairiscintí a dteastaíonn a thuilleadh measúnaithe uathu ag údaráis áitiúla chun gur féidir leis an bPainéal Saineolaithe breathnú tuilleadh orthu faoi réir an chláir ilbhliantúla.

Aguisín C - Tairiscintí nach bhfuil molta ag an bPainéal Saineolaithe ar mhaoiniú faoi réir an chláir ilbhliantúla.

Aguisín D - Creatlach chun acmhainneacht a bhunú le haghaidh, agus réim, a thuilleadh eastáit DPI ag feitheamh comhairleoireachta ag an Roinn i gcomhair maoinithe faoi bhun an chláir ilbhliantúil reatha.

Aguisín A - Tairiscintí molta ag an bPainéal Saineolaithe ar mhaoiniú faoi réir an chláir ilbhliantúla					
Tír	**Ainm an Eastáit**	**Suíomh**	**Costas Measta (€)**	**Maoiniú Faofa (€)**	**Coinníollacha (nuair is ábhartha)**
Corcaigh	Ard Carraig	An Sciobairín	43,665	32,749	
Corcaigh	Na Sceacha	An Sciobairín	49,569	37,177	
Corcaigh	Cois Na hAbhainn	Cloich na Coillte	26,138	19,603	
Corcaigh	Coillte an Chaisleáin	Old Chapel Bandon	130,000	55,000	
Dún na nGall	Páirc an Dhroim Mhóir	Cúil na gCuirridín	509,880	382,410	
Dún na nGall	Páirc Choill na Feá	Conmhaigh	16,500	12,375	
Dún na nGall	Ceathrú na Sagart	Na Gleannta	10,500	7,875	
Dún na nGall	Doonan Court	Baile Dhún na nGall	61,000	45,750	
Dún na nGall	St Judes Court agus Céide na Collchoille	Leifear	325,476	244,107	Féach Nóta 1
Gaillimh	Cluain na Cathrach	Áth an Rí	220,063	165,047	
Gaillimh	Geata Lorro	Áth an Rí	325,063	243,797	
Ciarraí	Birch Hill	Cill Áirne	205,479	154,109	
Ciarraí	Seanbhaile Chill Áirne	Cill Áirne	329,972	247,479	
Cill Dara	Na Paidic	Béal Átha an Tuair	125,314	93,986	
Cill Dara	Lios an Rí	Cloch an Rince	158,988	119,241	Féach Nóta 2
Laois	Killenard Lodge	Coill an Aird	65,516	49,137	
Port Láirge	Na Clabhstraí	Aird Mhór	442,800	168,000	Féach Nóta 3
Port Láirge	Páirc an Bhaile Nua	An Trá Mhór	350,000	150,000	Féach Nóta 3
An Iarmhí	Killucan Manor	Ráth Ghuaire	127,933	95,950	Féach Nóta 4
Loch Gorman	Kyle Close	An tAbhallort	107,153	80,365	Féach Nóta 5
Loch Gorman	Gleann na gCaor	Móin na gCaor	302,878	227,159	
Loch Gorman	Radharc an tSléibhe	Baile an Daingin	208,016	156,012	Féach Nóta 6
Loch Gorman	Cois Cuan	Baile Artúir	152,475	114,356	Féach Nóta 1

Aguisín A - Tairiscintí molta ag an bPainéal Saineolaithe ar mhaoiniú faoi réir an chláir ilbhliantúla					
Cill Mhantáin	Garden Village	Cill Pheadair	422,300	316,725	
Cill Mhantáin	Ráth Luain	Dún Luáin	184,300	138,225	
			4,900,978	**3,356,634**	
Nóta 1	Tá faomhadh faoi réir dul chun cinn ag Uisce Éireann ar uasghrádú na scéime séarachais poiblí a chumasú (coimisiúnú gléasra cóireála fuíolluisce) sula gceadaítear don eastát scaoileadh chuig gréasán Uisce Éireann.				
Nóta 2	Teastaíonn ceangal díreach an eastáit leis an ngréasán ó Uisce Éireann - ní bheidh siad ag úsáid foinse an eastáit.				
Nóta 3	Is cosúil don Phainéal go bhfuil sineirgí eile ann lena n-áirítear roghanna bealaigh ar féidir leis an LA a chur san áireamh i gcomhair réitithe an eastáit DPI sin. Ba chóir do LA a lua gur ábhar d'Uisce Éireann é aon uasghrádú don ghréasán poiblí chun a thuilleadh forbartha a éascú - ní bheidh na costais sin maoinithe ag an Roinn. Ba chóir do LA roghanna agus sábhálacha costais a chur san áireamh, a thugann roinnt níos cothroime ar ualach costais don Stát.				
Nóta 4	Is cosúil don Phainéal go bhfuil sineirgí eile ann lena n-áirítear roghanna bealaigh ar féidir leis an LA a chur san áireamh i gcomhair réitithe an eastáit DPI sin. Ba chóir do LA roghanna agus sábhálacha costais a chur san áireamh, a thugann roinnt níos cothroime ar ualach costais don Stát.				
Nóta 5	Tá an costas a ghabhann le príomhlíonraí uisce a athlonnú ó chúl go taobh tosaigh na dtithe lasmuigh scóipe an chláir, is ábhar é don LA, agus ní bheidh sé maoinithe.				
Nóta 6	Is cosúil don Phainéal go bhfuil sineirgí eile ann agus roghanna bealaigh ar féidir leis an LA a chur san áireamh i gcomhair réitithe an eastáit DPI sin i Radharc an tSléibhe agus an eastát Rathpark in aice láimhe mar thionscnamh aonair. Ba chóir don LA na roghanna agus sábhálacha costais a chur san áireamh. Ní mór don LA tabhairt faoi deara gur léirigh Uisce Éireann go bhfuil acmhainneacht theoranta ann sa chóras poiblí don dá eastát. Dá bhrí sin, ba chóir don LA measúnú gasta a dhéanamh ar na roghanna agus costais araon.				

Aguisín B - Tairiscintí a dteastaíonn a thuilleadh measúnaithe uathu ag údaráis áitiúla chun gur féidir leis an bPainéal Saineolaithe breathnú tuilleadh orthu faoi réir an chláir ilbhliantúla.		
Tír	**Ainm an Eastáit**	**Conclúidí an Phainéil Saineolaithe, Tráchtanna agus Moltaí**
Ceatharlach	An Ghráinseach agus Killerig Lodges (An Ghráinseach)	Níl an Painéal ullamh chun faomhadh a mholadh do mhaoiniú suntasach i gcomhair réitithe bunaithe ar chóireáil fuíolluisce neamhspleách ar leithligh agus diúscairt do na eastáit DPI sa sráidbhaile nuair is féidir go mbeidh roghanna eile níos inbhuanaithe ar fáil. Tá imní ar an bPainéal gur féidir leis na hoibreacha de réir molta éirí iomarcach más rogha inbhuanaithe agus luach ar airgead é ceangal gréasáin an eastáit leis an ngréasán Uisce Éireann is cóngaraí, agus é ar bhonn fadtréimhseach. Molann an Painéal don údarás áitiúil, seachas na hoibreacha a dhéanamh de réir molta sa tairiscint, imscrúdú a thabhairt ar staidéir deisce ar riachtanais, roghanna agus costais measta ar bhonn saolré iomláine fuíolluisce a bhailiú agus a scaoileadh ó na eastáit, le lámhaltas do limistéar an sráidbhaile, do ghréasán fuíolluisce Uisce Éireann. Ba chóir é sin a chur i gcomparáid leis an ailtéarnach, réiteach neamhspleách sa sráidbhaile. Ba chóir dearaidh leagan amach a chur ar fáil. Ní mór an staidéar a dhéanamh i gcomhairleoireacht le Uisce Éireann. Ní mór an staidéar, atá de réir dealraimh laistigh scóipe na n-údaráis áitiúla, a chríochnú laistigh trí mhí agus seolta isteach chuig an Roinn ionas gur féidir é a sheol ar aghaidh chuig an bPainéal i gcomhair a thuilleadh breathnóireachta uathu ar bhealaí chun réiteach inbhuanaithe cost-éifeacht a fháil don DPI ag an suíomh sin. Ní mór don údarás áitiúil dul i mbun idirbheartaíochta leis an Roinn ar an staidéar sula dtosaítear é.
